AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
**COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION**

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024



AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION

An Coimisiún um Rialáil Iarnróid
Teach an Teampaill
Bóthar an Teampaill
An Charraig Dhubh
A94 Y5W5
Contae Bhaile Atha Cliath
Éire

www.crr.ie
+353 1 206 8110
info@crr.ie

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION

# Clár

2 Tuarascáil an Choimisinéara

6 Struchtúr agus Ról na hEagraíochta

11 Straitéis an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid

14 Tuairisc an Phríomhchigire
Údarú le Cur i mbun Seirbhíse agus Measúnacht ar Chomhfhoirmeacht

25 Tuairisc an Phríomhchigire
Maoirseacht ar Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú

44 Tuairisc an Cheannaire Rialachais Chorparáidigh agus Rialáil Iarnróid

50 Tuarascáil ar Rialáil Iarnróid

53 Forbairtí sa Chreat Reachtaíochta Náisiúnta agus Eorpach

56 Tuairisc Chuimsitheach an Choimisinéara don Aire

59 Aguisíní

# TUARASCÁIL AN CHOIMISINÉARA



Chuig an Aire Darragh O'Brien,
Aire Iompair

A Aire,

Tá áthas ar an gCoimisiún um Rialáil Iarnróid (CRI) a thuarascáil bhliantúil do 2024 a thíolacadh.

In 2024, d'fhoilsigh an CRI a Ráiteas Straitéise nua 2024-2027 (SoS). Forbraíodh ár SoS i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara éagsúla agus i gcomhairle lenár bhfoireann féin. Is í an tuarascáil bhliantúil seo, mar sin, an chéad tuarascáil faoin straitéis nua. Agus an straitéis seo á forbairt, chuir an CRI san áireamh go hiomlán na beartais, na straitéisí agus na pleananna náisiúnta agus Eorpacha a bhaineann le hiompar chomh maith leis an gcreat reachtaíochta ábhartha breise. Go sonrach, tá a straitéis nua forbartha ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an chaiteachais shuntasach reatha agus bheartaithe ar bhonneagar iarnróid agus ar rothstoc araon.

Mar chomhlacht poiblí, tá raon freagrachtaí corparáideacha ag an CRI maidir lenár bhfeidhmiú, agus na feidhmeanna a dhéanaimid. Bhí tuiscint agus athbhreithniú leanúnach ar ár bhfreagrachtaí corparáideacha, lena n-áirítear iad siúd atá sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, lárnach dár bhfeidhmiú in 2024. Áiríodh leis seo nuashonrú agus leasuithe ar ár gComhaontú Maoirseachta agus ar ár gComhaontú Seachadta Feidhmíochta leis an Roinn Iompair (DoT). Tá an Tuarascáil Chuimsitheach chuig an Aire, a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais, san áireamh i Roinn 10 den tuarascáil bhliantúil seo agus clúdaíonn sí dualgais nua comhlachtaí poiblí i bhfeidhm in 2024.

Tá ceadú ag an CRI do 17 mball foirne, rud a ligeann dó na feidhmeanna atá aige faoi láthair a chomhlíonadh. In 2024, rinne an CRI iarratas ar cheadú do thriúr ball foirne breise chun cur ar a chumas na feidhmeanna breise a bheidh de dhíth air a chomhlíonadh sna blianta atá le teacht faoin Treoir maidir le hAthléimneacht um Eintitis Chriticiúil (CER), an Treoir um Shlándáil Líonra agus Faisnéise (NIS2) agus an tAcht um Intleacht Shaorga (AIA).

Tá trí fhoinse maoinithe ar fáil don CRI. Is é an príomhcheann an tobhach reachtúil a chuireann an CRI ar na heagraíochtaí iarnróid a rialaíonn sé. Faigheann an CRI Deontas i gCabhair freisin ón DoT agus ina theannta sin féadfaidh an CRI táillí a ghearradh as roinnt dá fheidhmeanna. In 2024, b'ionann riachtanas maoinithe iomlán réamh-mheasta an CRI agus €2.556m. Daingníodh é seo trí thobhach de €1,590m, Deontas i gCabhair de €625K, táillí do sheirbhísí agus na cúlchistí a bhí ann.

Feidhmíonn an CRI laistigh de chreat reachtach atá bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach. D'fhan an creat reachtach ginearálta maidir le hiarnróid throma agus éadroma araon réasúnta seasmhach in 2024. Chun a áirithiú go raibh tuiscint agus feasacht iomlán aige ar fhorbairt leanúnach an chreata dhlíthiúil agus theicniúil Eorpaigh a rialaíonn oibriú an Ghréasáin Eorpaigh Iarnróid, bhí an CRI ina rannpháirtithe gníomhacha i níos mó ná 20 cruinniú faoi chathaoirleacht an Choimisiúin Eorpaigh, DG-MOVE agus an Ghníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA). Ina theannta sin, lean an CRI d'fhaisnéis a sholáthar ar nuashonrú an chreata reachtaigh do na heintitis rialáilte trína gcuid pointí teagmhála ainmnithe.

Sannadh roinnt freagrachtaí nua don CRI agus meastar go ndéanfar tuilleadh freagrachtaí a tharmligean chuige in 2025 de réir mar a thiocfaidh Reachtaíocht Eorpach nua i bhfeidhm.

Maidir leis na Rialacháin CER is é an CRI anois, faoi IR 559 2024, an t-údarás inniúil maidir le hiarnród iompair d'iarnróid throma agus éadrom. Cuireadh in iúl don CRI freisin go mbeidh sé ina údarás inniúil faoi Threoir NIS2, tá an t-ainmniúchán seo fós le tabhairt chun críche, ach tá tús curtha ag an CRI lena rannpháirtíocht le heintitis a bheidh faoi réir rialacháin. Bhí an CRI gafa go hiomlán freisin le Fóram Údaráis Inniúil an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) a bunaíodh chun aistriú ó NIS 1 go NIS 2. Beidh freagracht bhreise ar an CRI mar chomhlacht faireachais margaidh a bhaineann le cábla-bhealaí faoin AIA freisin.

Tá na feidhmeanna sonracha a dhéanann an CRI bunaithe ar reachtaíocht. Treoraíonn measúnú riosca an CRI féin ar eintitis agus a leibhéal gníomhaíochta ár ngníomhaíocht chun oibriú sábháilte leanúnach na n-iarnród, na n-iarnród éadroim, na n-iarnród oidhreachta agus tionsclaíoch agus na gcábla-bhealaí sa Stát a chinntiú. Áirítear leis sin measúnú comhréireachta ar chórais bhainistíochta sábháilteachta, údarú chun fochóras bonneagair agus rothstoic a chur i mbun seirbhíse, ceadúnú tiománaithe traenach agus gnóthas iarnróid, measúnú ar chomhlachtaí ainmnithe, chomh maith le maoirseacht leanúnach ar gach eintiteas agus forghníomhú nuair is gá chun comhlíonadh a áirithiú. Déanaimid feidhmeanna rialála ar leithligh freisin lena n-áirítear monatóireacht ar Chonradh Ilbhliantúil na mBainisteoirí Bonneagair leis an Aire.

Tugadh faoi deara an méadú leanúnach ar líon na bpaisinéirí ar iarnród trom agus iarnróid éadrom araon in 2024, agus 50.66 agus 54.2 milliún turas paisinéara faoi seach ag Iarnród Éireann agus ag Luas.

D'eisigh an CRI 57 Litir Ghlactha (LoA) faoina údarú feidhm a bhaineann le fochórais, bonneagar, comharthaíocht agus rothstoc a chur i mbun seirbhíse. Áiríodh orthu seo LoA coincheapa maidir le Metrolink agus 15 LoA Deartha Mionsonraithe, lena n-áirítear an tré-ardán i Stáisiún Ceannt d'Iarnród Comaitéireachta Limistéar Chorcaí agus suiteáil rian Luimnigh-Fainge. I measc na n-LoAnna eile bhí 1 LoA Tástála i ndáil le bonneagar suiteála seasta GSM-R, 11 LoA d'Oibríocht Eatramhach, lena n-áirítear Ardán Nua ag Acomhal Luimnigh, stáisiún nua agus thardhroichead coisithe ag Baile Pheiléid, raidiónna comhoiriúnacha GSM-R d'aicmí 29000, 22000 2600 agus 2800, agus 12 LoA d'Oibriú Seirbhíse, le 9 thardhroicead san áireamh.

In 2024, bhí gá ag cúig iarnród oidhreachta go ndéanfaí a gcuid SMSanna a ceadaíodh roimhe sin a athdheimhniú agus ina theannta sin, bhí réamh-rannpháirtíocht leis an RPSI agus Transdev araon maidir lena n-athdheimhnithe SMS faoi seach a bhí dlite go luath in 2025.

Bhí an tsraith iomlán de ghníomhaíochtaí maoirseachta ar fáil don CRI i bplean oibre maoirseachta bliantúil 2024 agus fíoraíonn sé trí na gníomhaíochtaí sin go bhfuil córais bhainistíochta sábháilteachta na n-eagraíochtaí iarnróid éagsúla á gcur i bhfeidhm. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí seo iniúchtaí, cigireachtaí, gníomhaíochtaí tar éis tarluithe, cruinnithe feidhmíochta sábháilteachta agus obair leantach ar uiríll. Tá fócas agus méid úsáide na ngníomhaíochtaí seo ar aon eintiteas rialáilte bunaithe ar a bpróifíl riosca. Tá ár gcur chuige iomlán bunaithe ar thacaíocht, comhairle, spreagadh agus nuair is gá, forfheidhmiú, agus leanann sé de bheith bunaithe orthu sin.

Críochnaíodh trí iniúchadh in 2024, agus tá cúig iniúchadh gníomhacha eile fós le críochnú. Maidir leis na trí iniúchadh a críochnaíodh, chuimsigh na torthaí 16 mhion-neamhchomhlíonadh, agus bhí gá le gníomh maidir le 20 saincheist eile.

In 2024, chuir an CRI tús le 52 iniúchadh ar fud na n-eagraíochtaí iarnróid go léir agus críochnaíodh 54 iniúchadh. Bhain 15 díobh seo le hiniúchtaí ar cuireadh tús leo in 2023. D'aithin na hiniúchtaí a críochnaíodh dhá mhór-neamhchomhlíonadh agus 16 de mhionghéilliúntas. Bhí 40 cás eile ann inar theastaigh ón CRI go ndéanfadh an t-aonán rialáilte beart, i réimsí ina bhféadfadh neamhchomhlíonadh teacht chun cinn mura ndéanfaí beart den sórt sin. Léiríonn sé seo méadú suntasach ar 2023 i réimsí neamhchomhlíonta nó ina raibh gá le gníomh.

Sa bhliain 2024 rinne cigirí CRI caingean forfheidhmithe foirmiúil cúig huaire, d'eisigh siad treoir d'eagraíocht iarnróid le haghaidh Plean Feabhsúcháin, le haghaidh gníomhaíochta a bhain le riosca do shábháilteacht daoine, nó ar dóigh go mbeadh riosca ag baint leis. I ngach cás ina gceanglaítear ar na heintitis rialáilte bearta ceartaitheacha a dhéanamh déanann an CRI faireachán ar chur i gcrích na mbeart sin.

Tá sé riachtanach go mbeadh ceadúnas bailí ag gach tiománaí traenach chun traein a oibriú ar an líonra. Déanann an CRI maoirseacht ar chóras ceadúnaithe tiománaithe traenach agus é a fheidhmiú agus in 2024, eisíodh 73 ceadúnas nua.

Ní féidir le gnóthas iarnróid oibriú gan ceadúnas bailí. Tá ceadúnais bailí ar feadh tréimhse 5 bliana. Chuaigh ceadúnas amháin in éag in 2024, fuarthas iarratas nua ar cheadúnas, rinneadh measúnú air agus eisíodh ceadúnas nua i mí Dheireadh Fómhair.

Mar Chomhlacht Neamhspleách Monatóireachta do Chonradh Ilbhliantúil an Bhainisteora Bonneagair (IMMAC) idir Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann (IÉ-IM) agus an tAire Iompair, thuairiscigh an CRI ar bhonn ráithiúil agus bliantúil ar na táscairí feidhmíochta laistigh den chonradh. Ní dhearna an CRI aon mhainneachtain leanúnach torthaí a chomhlíonadh. Chuaigh an CRI i dteagmháil le gach páirtí sa chonradh mar chuid d'athbhreithniú fairsing ar an gcéad IMMAC eile.

Fuair an CRI 3 thuarascáil imscrúdaithe, agus Fógra um Chomhairle Sábháilteachta Práinne amháin, ina raibh 14 mholadh sábháilteachta eatarthu. Bhreithnigh an CRI iad seo go hiomlán agus díríodh ansin iad ar aird na heagraíochta iarnróid ábhartha nó an chomhlachta eile a bhfuil sé de dhíth orthu iad a chur i bhfeidhm.

Fuair an CRI 22 uiríoll a d'ardaigh imní sábháilteachta maidir leis an earnáil iarnróid. Bhain dhá cheann díobh seo le sábháilteacht an bhonneagair, bhain 8 gcinn le sábháilteacht an rothstoic agus bhain 7 gcinn le sábháilteacht oibríochtaí traenach. Bhain 12 uiríoll eile le sábháilteacht oibriú iarnróid. Ina theannta sin, fuarthas 17 n-iarratas eile ar fhaisnéis ó roinnt comhlachtaí/gníomhaireachtaí rialála. Déanann an CRI gníomh i dtaca le gach uiríoll agus tugtar ardtosaíocht dóibh.

In 2024, rinneadh measúnú ar fheidhmíocht sábháilteachta foriomlán earnáil iarnróid throm na hÉireann a bhí den chuid is mó dearfach go leor. Tá an measúnú dearfach seo bunaithe ar shonraí comparáideacha na mblianta roimhe seo lena n-áirítear comhtháscairí sábháilteachta agus staitisticí Eorpacha.

Tá an CRI faoi réir iniúchta neamhspleách ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh. Feidhmíonn (ERA) na hiniúchtaí seo ar thimthriall trí bliana agus in 2024, rinneadh iniúchadh ar an CRI mar chuid den dara timthriall iniúchta. Cuireadh tús leis an iniúchadh i mí an Mhárta 2024 nuair a soláthraíodh faisnéis agus doiciméadú. Ina dhiaidh sin rinneadh gníomhaíocht ar an láthair i Meán Fómhair 2024. Eisíodh dréacht-tuarascáil i mí na Samhna 2024, agus táthar ag súil go n-eiseofar an tuarascáil chomhaontaithe deiridh i mí an Mhárta 2025.

Nuashonraíodh Treochlár Gníomhaíochta Aeráide an CRI chun Plean Gníomhaíochta an Rialtais 2024 agus an Sainordú Earnála Poiblí a bhaineann leis a léiriú. Tá athrú dearfach 77% á léiriú ag Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh CRI, agus ar an mbonn sin tá a sprioc 2030 bainte amach aige. Maidir le gáis cheaptha teasa is dúshlán fós é laghdú astuithe CO2 iontaise, ach léirigh ár CO2 iomlán laghdú 33% thar ár mbunlíne i gcomparáid leis an sprioc de 51% a theastaíonn faoi 2030.

Leanaimid orainn ag díriú go láidir ar a chinntiú go n-oibríonn an CRI go héifeachtach agus go hinniúil. Leanfaimid ag obair leis an earnáil agus le geallsealbhóirí, lena chinntiú go mbeidh ár n-iarnróid sábháilte, slán, inrochtana agus inbhuanaithe trí rialáil éifeachtach agus éifeachtúil, de réir ár misean.

Ní féidir le haon eagraíocht feidhmiú go héifeachtach gan foireann dhíograiseach thiomanta. Is mian liom aitheantas a thabhairt do ghairmiúlacht agus do thiomantas leanúnach fhoireann an Choimisiúin a chuireann ar chumas an CRI a raon leathan feidhmeanna a chomhlíonadh. Gabhaim buíochas ó chroí le gach ball foirne.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Ryan, agus le foireann na Roinne Iompair as a rannpháirtíocht agus a dtacaíocht i rith na bliana.

Brian Higgisson
Coimisinéir

# STRUCHTÚR AGUS RÓL NA HEAGRAÍOCHTA



# Foireann bainistíochta agus struchtúr na heagraíochta



**Brian Higgisson**
Coimisinéir



**Anthony Byrne**
**Príomhchigire**
Údarú le Cur i mbun Seirbhíse agus Measúnú ar Chomhréireacht

- Cigire Sinsearach
- Cigire
- Cigire
- Cigire
- Cigire



**Emmett Davis**
**Príomhchigirer**
Maoirseacht ar Chomhionadh agus Forfheidhmiú

- Cigire Sinsearach
- Cigire
- Cigire
- Inspector
- Cigire
- Cigire



**Caitríona Keenahan**
**Ceannaire Rialachais Chorparáidigh agus Rialála**

- Ardoifigeach Feidhmiúcháin
- Oifigeach Feidhmiúcháin

# Ról an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid (CRI)

Bunaíodh an CRI ar an 1 Eanáir 2006 faoi fhorálacha an Achta um Shábháilteacht Iarnróid (RSA) 2005. Tá forbhreathnú ar fheidhmeanna reatha an CRI agus an creat reachtach atá mar bhonn agus thaca acu tugtha thíos.

Baineann príomhréimsí freagrachta an CRI faoin reachtaíocht le hiarnród trom, iarnród éadrom, agus cábla-bhealaí. Tagraíonn iarnród trom do líonra Bhainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann agus do na Gnóthais Iarnróid a oibríonn air. Déantar iarnróid throma a rialú trí Acht 2005 agus trí reachtaíocht an AE araon. Tagraíonn iarnród éadrom do Chóras Iarnróid Éadrom Bhaile Átha Cliath (LUAS) agus rialaítear é trí Acht 2005. Rialaítear cábla-bhealaí trí reachtaíocht AE trasuite.

Ina theannta sin, tá ról ag an CRI freisin maidir le hiarnróid oidhreachta, bealaí iarnróid agus cábla-bhealaí.

Le déanaí, tugadh freagrachtaí breise don CRI, faoi IR 559 2024 faoi na Rialacháin um Athléimneacht na nEintiteas Criticiúil.

Faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 tá trí phríomhfheidhm ag an CRI, (a) sábháilteacht iarnróid a chothú agus a spreagadh, (b) an tAcht seo agus aon reachtaíocht eile a bhaineann le sábháilteacht iarnróid a fhorfheidhmiú, agus (c) tionóiscí agus teagmhais iarnróid a imscrúdú agus a thuairisciú d'fhonn comhlíonadh le córais bainistíochta sábháilteachta agus spriocanna sábháilteachta a chinneadh.

## Iarnród trom agus éadrom

### An Coimisiún

Leis an Acht um Shábháilteacht Iarnróid Uimh. 31 de 2005 (arna leasú) bunaíodh an Coimisiún um Shábháilteacht Iarnróid (an CRI anois). Thug an tAcht trí phríomhfheidhm, mar atá léirithe thuas, maidir le córais iarnróid agus na cumhachtaí chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh lena n-áirítear úsáid maoirseachta agus forghníomhaithe. Is iad príomhchúraimí an CRI: (1) measúnú agus deimhniú ar chórais bhainistíochta sábháilteachta na n-eagraíochtaí iarnróid; (2) faomhadh a dhéanamh ar bhonneagar iarnróid agus rothstoc atá nua/modhnaithe go suntasach; agus (3) maoirseacht leanúnach ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht chórais bhainistíochta sábháilteachta na n-eagraíochtaí iarnróid.

Maidir le cúraimí 1 agus 2 thuas i réimse an iarnróid throm, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an chuid is mó de na formheasanna/údaruithe clúdaithe ag reachtaíocht Eorpach (féach thíos). I dtaca le hiarnród éadrom déanann an CRI measúnú ar chórais bhainistíochta sábháilteachta agus formheasann sé bonneagar agus rothstoc nua de réir na reachtaíochta náisiúnta, is é sin an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid, 2005.

## Iarnród trom

### An tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta (NSA)

Le IR 476 Rialacháin an AE (Sábháilteacht Iarnróid) 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (An Treoir um Shábháilteacht Iarnróid) agus faoi seo bunaítear an CRI mar Údarás Náisiúnta Sábháilteachta (NSA) sa Stát. Tá sé seo chun críche comhlíonadh na Treorach agus na Rialachán gaolmhar a chinntiú, lena n-áirítear deimhniú agus údarú sábháilteachta, cothabháil feithiclí, maoirseacht agus forfheidhmiú.

Le IR 477 Rialacháin AE (Idir-inoibritheacht an Chórais Iarnróid) 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (An Treoir maidir le hIdir-inoibritheacht) agus faoi seo bunaítear an CRI mar an ÚNS atá inniúil ar an gcóras iarnróid sa Stát chun críocha na Treorach agus na Rialachán seo lena n-áirítear cur chun feidhme ceart na Sonraíochta Teicniúla le haghaidh Idir-inoibritheachta (TSI), comhábhair idir-inoibritheachta agus fochóras soghluaiste a chur ar an margadh, údarú chun suiteálacha seasta a chur i mbun seirbhíse, agus maoirseacht agus forghníomhú.

## Comhlachtaí deimhnithe d'Eintitis atá i bhfeighil Cothabhála (ECM)

Le IR 476 2020 tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2016/798 ón gComhairle (An Treoir um Shábháilteacht Iarnróid) agus leagtar amch ann freisin an creat dlíthiúil le haghaidh ECManna.

Leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/779 na forálacha mionsonraithe maidir le córas deimhniúcháin do ECManna de bhun Threoir (AE) 2016/798. Féadfaidh comhlacht creidiúnaithe nó aitheanta nó an NSA deimhniú ECM a dhéanamh.

## Comhlacht rialála

Tugann IR 249 Rialacháin an AE (Iarnróid a Rialáil) 2015 (arna leasú le IR 398 2020) éifeacht do Threoir AE 2012/34 ón gComhairle arna leasú ag AE 2016/2370 maidir le limistéar iarnróid Eorpach aonair. Bhunaigh sé seo an CRI mar chomhlacht rialála chun críche achomharc nó gearán a bhaineann le cumas bonneagair, táillí rochtana, an ráiteas líonra agus monatóireacht ar iomaíocht.

## Comhlacht neamhspleách monatóireachta

Bhunaigh an creat reachtach d'fheidhm an Chomhlachta Rialála thuas an CRI freisin mar Chomhlacht Neamhspleách Monatóireachta chun críche monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhaontú conarthach idir Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann agus an tAire, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Bhainisteora Bonneagair, eadráin i gcás díospóide, faomhadh an chórais monatóireachta feidhmíochta, agus tuairisc a thabhairt don Aire ar a mhonatóireacht ar fheidhmíocht.

## Údarás ceadúnúcháin

Leis an gcreat reachtach d'fheidhm an Chomhlachta Rialála thuas freisin bunaíodh an CRI mar an t-údarás ceadúnaithe chun críche iarratais ar cheadúnais a mheasúnú agus chun ceadúnais a eisiúint do ghnóthais iarnróid.

## Údarás inniúil

Le IR 399 Rialacháin an AE (Deimhniú Tiománaithe Traenach) 2010 tugtar éifeacht do Threoir 2007/59/CE ón gComhairle maidir le deimhniú tiománaithe traenach a oibríonn innill traenacha agus traenacha ar an gcóras iarnróid sa Chomhphobal. Bhunaigh sé CRI mar an t-údarás inniúil chun críocha measúnú a dhéanamh ar iarratais ar cheadúnais agus eisiúint ceadúnas chun tiománaithe, agus aitheantas d'ionaid oiliúna agus scrúduithe tiománaithe traenach.

Le IR 651 Rialacháin CE (Earraí Contúirteacha a Iompar ar Iarnród) 2010 (arna leasú) tugtar éifeacht do Threoir 2008/68/CE ón gComhairle (arna leasú) maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha. Bhunaigh sé CRI mar an t-údarás inniúil chun críocha a áirithiú go gcomhlíonfar na Rialachán maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród (RID).

Le IR 559 2024 (AE) Na Rialacháin um Athléimneacht Eintitis Chriticiúil tugtar éifeacht do Threoir (AE) 2022/2557 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil. San IR seo ainmníodh an CRI mar an t-údarás inniúil maidir leis an earnáil iompair/iarnróid mar go mbaineann sé le heagraíochtaí iarnróid agus le bainisteoirí bonneagair agus freisin leis an earnáil iompair phoiblí mar a bhaineann sé le hiarnród éadrom.

## Comhlacht aitheantais

Tugann IR 477 2020 éifeacht do Threoir (AE) 2016/797 ón gComhairle (An Treoir maidir le hIdir-inoibritheacht) agus faoi seo bunaítear CRI mar an eagraíocht atá freagrach as aithint Chomhlachtaí Ainmnithe (DeBo) sa Stát. Déanann DeBo measúnú comhréireachta maidir le comhlíonadh bonneagair agus rothstoc nua i gcoinne na Rialacha Náisiúnta (NR).

## Cábla-bhealaí

### Comhlacht údaraithe

Le IR 543 Rialacháin an AE (Suiteálacha Cábla-bhealaigh) 2020 tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh agus bunaíodh CRI mar an comhlacht sa Stát chun údarú a thabhairt do thógáil agus cur i mbun seirbhíse suiteálacha cábla-bhealaigh nó chun iad a mhodhnú.

### An túdarás um fhaireachas margaidh

Le IR 543 Rialacháin an AE (Suiteálacha Cábla-bhealaigh) 2020 freisin tugtar éifeacht do Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus bunaíodh CRI mar an t-údarás um fhaireachas margaidh le haghaidh fochórais agus comhpháirteanna cábla-bhealaigh.

## Aonáin iarnróid faoi réir rialacháin

Bhí na heintitis seo a leanas faoi réir rialachán ag an CRI in 2024:

- Iarnród Éireann – Bainisteoir Bonneagair (IÉ-IM)
- Iarnród Éireann – Gnóthas Iarnróid (IÉ-RU)
- Transdev (oibreoir LUAS) – Eagraíocht Iarnróid (RO)
- Rhomberg Sersa Ireland Limited (RSIE) – Gnóthas Iarnróid (RU)
- Iarnróid Thuaisceart Éireann (NIR) Translink – Gnóthas Iarnróid
- Bonneagar Iompair Éireann (TII) – Eagraíocht Iarnróid
- Bord na Móna (BNM) – Iarnród Tionsclaíoch
- Cumann Caomhnaithe Iarnróid na hÉireann (RPSI) – Gnóthas Iarnróid
- Iarnróid Oidhreachta. (seacht gcinn ag feidhmiú, Aguisín E)
- IRD Kiltimagh CLG – Kiltimagh Velorail.

## Turais paisinéirí

In 2024, tá méadú leanúnach seasta ar líon na bpaisinéirí, le hIarnród Éireann ag 50.66 milliún turas paisinéara, an leibhéal is airde riamh, agus sháraigh Transdev an leibhéal a bhí acu roimhe seo le 54.2 milliún turas paisinéara sa bhliain. Féach Aguisín B Fíor 1 & 2 le haghaidh treochtaí 10 mbliana.

# STRAITÉIS AN CHOIMISIÚIN UM RIALÁIL IARNRÓID



Cuireadh Ráiteas Straitéise nua an CRI (2024 – 2027), arna eisiúint faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, faoi bhráid an Aire i mí an Mheithimh 2024 agus foilsíodh é ar ár suíomh gréasáin.

Agus an straitéis seo á forbairt, chuir an CRI san áireamh go hiomlán na beartais, na straitéisí agus na pleananna náisiúnta agus Eorpacha a bhaineann le hiompar chomh maith leis an gcreat reachtaíochta ábhartha breise. Go sonrach, tá a straitéis nua forbartha ag an gCoimisiún i gcomhthéacs an chaiteachais shuntasach reatha agus bheartaithe ar bhonneagar iarnróid agus ar rothstoc araon. Lorgaíomar go gníomhach tuairim ár bpríomhpháirtithe leasmhara agus an straitéis seo á hullmhú. Fuaireamar aighneachtaí ó na príomhpháirtithe leasmhara ar fad a ndearnadh breithniú cúramach orthu agus a chabhraigh le forbairt na straitéise nua seo a threorú. Gabhaimid buíochas lenár bpáirtithe leasmhara go léir as a rannpháirtíocht ghníomhach.

## Straitéis 2024-2027

### Misean

Córais iarnróid atá sábháilte, slán, inrochtana agus inbhuanaithe a chinntiú trí rialáil éifeachtach agus éifeachtúil.

### Fís

Iarnróid atá sábháilte agus inbhuanaithe i gcroílár an iompair phoiblí agus na forbartha geilleagraí.

### Luachanna

#### Ionracas
Táimid iontaofa agus macánta inár ngníomhaíochtaí go léir.

#### Meas
Is mór againn agus tuigimid an tionchar dearfach a bhíonn ag éagsúlacht tuairimí.

#### Neamhspleáchas
Glacaimid freagracht as ár gcinntí atá bunaithe ar fhianaise, cothrom agus comhsheasmhach.

#### Gairmiúlacht
Déanaimid ár ndícheall sármhaitheas agus forbairt leanúnach ár saineolais.

#### Pragmatachas
Aithnímid na dúshláin atá le sárú ag ár bpáirtithe leasmhara agus táimid á dtiomáint ag réitigh agus muid ag cinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla.

## Tosaíochtaí straitéiseacha

Tosaíochtaí straitéiseacha: Mar chuid den ráiteas straitéise seo tá 5 réimse tosaíochta straitéiseacha aitheanta againn le príomhghníomhaíochtaí tacaíochta a mbeidh fócas orthu thar shaolré na straitéise seo.

### Tosaíocht: iarnróid atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe

A chinntiú, trí rialáil agus trí spreagadh, go bhfuil sábháilteacht, slándáil agus inbhuanaitheacht lárnach d'iompar iarnróid mar chuid den ghréasán iompair phoiblí, ag cosaint baill an phobail, fostaithe agus iad siúd a idirghníomhaíonn leis an ngréasán iarnróid.

### Tosaíocht: ár ndaoine agus ár n-eagraíocht

Is iad ár ndaoine an tsócmhainn is luachmhaire atá againn, agus cuirfimid feabhas leanúnach chun cinn laistigh dár n-eagraíocht trí thacú lenár bhfoireann agus trína bhforbairt phearsanta a spreagadh.

### Tosaíocht: na caighdeáin is airde a chur chun cinn

Feasacht a chruthú laistigh den earnáil iarnróid ar athruithe ar an gcreat rialála, caighdeáin agus treoir chun tacú leis an gcleachtas is fearr.

### Tosaíocht: rialú éifeachtach margaidh

Rialáil agus faireachán éifeachtach ar an mBainisteoir Bonneagair maidir lena mhaoiniú agus caiteachas ar bhainistiú sócmhainní agus rochtain ar an ngréasán.

### Tosaíocht: ár gcumarsáid

Éisteacht, cumarsáid agus teagmháil éifeachtach a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir.

# TUAIRISC AN PHRÍOMHCHIGIRE

## ÚDARÚ LE CUR I MBUN SEIRBHÍSE AGUS MEASÚNACHT AR CHOMH-FHOIRMEACHT



Éilíonn reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach, nuair is mian le heagraíochtaí iarnróid suiteálacha seasta nua a thabhairt chun seirbhíse nó a oibriú mar bhonneagar m.sh. droichead nó stáisiún nua, go gcaithfidh siad aighneacht a dhéanamh don CRI le haghaidh 'Údarú le Cur i mbun Seirbhíse' (APIS). Mar an gcéanna, i gcás uasghráduithe áirithe nó sócmhainní athnuaite, tá APIS ag teastáil.

Ar an gcaoi chéanna, i gcás feithiclí nua (traenacha) a thabhairt isteach i mbun seirbhíse, tá gá le hÚdarú Feithicle (VA).

Ó thaobh na hEorpa de, is iad príomhcheanglais dhlíthiúla an AE:

— Treoir Idir-inoibritheachta (AE) 2016/797; agus
— An Treoir Sábháilteachta Iarnróid (AE) 2016/798.

Tacaíonn ionstraimí dlí iomadúla eile leis na Treoracha seo, amhail Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/545 ón gCoimisiún, lena mbunaítear socruithe praiticiúla maidir le húdarú feithiclí agus an modh comhchoiteann sábháilteachta le haghaidh meastóireachta agus measúnaithe riosca EU/402/2013.

Tá ceanglais náisiúnta á rialú ag an Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 arna leasú. Tá feidhm ag ceanglais AE agus náisiúnta maidir leis an gcóras iarnróid throm, agus ní bhaineann ach ceanglais náisiúnta le córas iarnróid éadroim LUAS, córais oidhreachta, iarnróid thionsclaíocha agus Velorail.

Tá an creat reachtach casta, go háirithe an Treoir Idir-inoibritheachta, agus a Sonraíochtaí Teicniúla tacaíochta don Idir-inoibritheacht (STIanna), lena sonraítear ceanglais shonracha atá le comhlíonadh maidir leis na fochórais iarnróid éagsúla, e.g. bonneagar, fuinneamh, ceannasaíocht rialaithe agus comharthaíocht etc.

Chun cabhrú le heagraíochtaí iarnróid agus iarratas á dhéanamh acu, tá roinnt treoirlínte curtha le chéile ag an CRI a mhíníonn cad a theastaíonn agus conas ba cheart é a chur i láthair. Is iad seo a leanas na príomhdhoiciméid treorach de chuid an CRI maidir le Suiteálacha Seasta APIS & gníomhaíochtaí VA:

— CRR-G-009 maidir le hiarratais i dtaca le hiarnróid throma; agus
— CRR-G-032 maidir le hiarratais i dtaca le hiarnróid éadroma.

Tá an próiseas iarratais a d'fhorbair an CRI bunaithe ar dhea-chleachtas an tionscail, arna thacú ag I.S. EN 50126 – feidhmeanna iarnróid – sonraíocht agus léiriú iontaofachta, infhaighteachta, inchothaitheachta agus sábháilteachta. Is próiseas 6-chéim é, agus féadfar roinnt céimeanna a chomhcheangal ag brath ar chastacht an tionscadail. Is iad na 6 chéim de chonair cheadaithe tionscadail:

**Céim 1**
Coincheap

**Céim 2**
Réamhdhearadh

**Céim 3**
Dearadh Mionsonraithe

**Céim 4**
Tástáil

**Céim 5**
Oibriú Eatramhach

**Céim 6**
Oibriú Seirbhíse

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar iarratas ar APIS, agus ar choinníoll go bhfuil an t-iarratas iomlán agus bailí, eiseoidh an CRI litir ghlactha don iarratas sin. In 2024, eisíodh seacht litir is caoga glactha (56 – Bonneagar/Comhartha, 1 Rothstoc) mar chuid den phróiseas APIS.

Trí thairseach údaraithe na Gníomhaireachta Eorpaí Iarnróid, ar a dtugtar an tIonad Ilfhreastail (OSS), bhí baint ag an CRI le dhá údarú. Bhain an chéad cheann díobh seo le trealamh ETCS Leibhéal 1 a fheistiú ar an bhFlít 22000 (Cabanna A1). Tá an t-údarú seo á stiúradh ag an ERA le hionchur ón CRI ar ghnéithe 'Limistéar Úsáide'. Ba é an dara ceann ná údarú 41 carráiste nua Iarnród Idirchathrach (ICR) (aicme 22000).

Tá liosta iomlán na litreacha glactha, de réir tionscadail, a d'eisigh an CRI in 2024 ar fáil in Aguisín A, agus tá sonraí breise ar shampla díobh seo ar fáil thíos. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh síneadh a bheith tugtha do thionscadal ar a litir ghlactha i gcásanna áirithe toisc nach raibh gnéithe (de ghnáth doiciméadú) ar fáil faoi na dátaí seachadta a rabhthas ag súil leo. Dá bhrí sin, ní liostaítear gach litir ghlactha ar leith.

## APIS – Bonneagar

Tá infheistíocht gan fasach inár n-iarnróid. Tá Iarnród Éireann, Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) i mbun go leor tionscadal ardtosaíochta agus leagtar amach cuid acu anseo.

### Iarnród Comaitéireachta Limistéar Chorcaí (CACR)

Thug an NTA, i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Cathrach agus Contae Chorcaí agus TII araon, Straitéis Iompair uaillmhianach Cheantar Cathrach Chorcaí 2040 chun críche. Is é an clár CACR eilimint iarnróid throm an CMATS, agus tá sé mar aidhm aige acmhainn agus minicíocht traenach méadaithe, nascacht feabhsaithe agus líonra iompair níos inbhuanaithe a sheachadadh.

Tá Clár CACR á chur chun cinn trí roinnt tionscadal ar leithligh ach idirghaolmhar a dhéanfar a sheachadadh i bpacáistí oibre ar leith. Tá obair tosaithe cheana féin ar na nithe seo a leanas:

- Tré-Ardán Stáisiún Ceannt
  Éascóidh tógáil an ardáin seo tré-sheirbhísí a rith ó Mhala go Cóbh/Mainistir na Corann. Eisíodh Litir Ghlactha Céim 3 i Márta 2024.
- Uasghrádú ar Chomharthaíocht agus ar Chumarsáid
  Chun na harduithe molta acmhainne agus minicíochta seirbhíse a éascú.
- Rian Dúbailte ó Ghleanntán go Mainistir na Corann
  Uasghrádú ar an líne ó Ghleanntán go Mainistir na Corann go cumraíocht dhá rian. Eisíodh Litir Ghlactha Céim 3 i mí Lúnasa 2024 don ghné réamhoibreacha lena n-áirítear atreorú fóntais, suiteálacha bealaí cáblaí, roinnt oibreacha gearrtha agus claífoirt etc.

Tá pacáistí oibre breise a chlúdaíonn stáisiúin nua, oibreacha ráillí, agus iosta nua ag céim luath, agus déanfar iad a fhorbairt tuilleadh sna blianta atá le teacht. Níl Litreacha Glactha de dhíth orthu go fóill.

## Clár DART+

Cuimsíonn Clár DART+ sraith tionscadal a fheabhsóidh an gréasán iarnróid do Bhaile Átha Cliath, ag leathnú an líonra comaitéara leictrithe iarnróid throm ón c.50km reatha go c.150km. Leagtar amach anseo a leanas stádas APIS gach tionscadail amhail an 31 Nollaig 2024.

- Is éard atá i gceist le **DART+ Cósta Thuaidh** ná síneadh ar an gcóras leictriúcháin ó Mhullach Íde go Droichead Átha. Rinneadh roinnt oibreacha cumasúcháin in 2024 chomh maith le forbairt an 'Dearadh Mionsonraithe' don bhonneagar luchtaithe. Táthar ag súil le haighneacht fhoirmiúil Chéim 3 a chlúdaíonn an Dearadh Mionsonraithe i Ráithe 1 – 2025.
- Is éard atá i gceist le **DART+ Cósta Theas** ná uasghrádú ar an líne leictrithe idir Baile Átha Cliath Uí Chonghaile agus na Clocha Liatha. Cé go bhfuil sé fós ag céim luath forbartha, sa bhliain 2024 bhual Cigirí CRI le Foireann Tionscadail Iarnród Éireann atá freagrach as tionscadal gaolmhar dá ngairtear Tionscadal Feabhsaithe Acmhainne Chill Mhantáin a dhéanfadh macasamhlú go bunúsach ar a bhfuil á dhéanamh ag Droichead Átha ag Stáisiún Chill Mhantáin, ag éascú seirbhísí feabhsaithe chuig dobharcheantar Bhaile Chill Mhantáin agus an ceantar máguaird atá ag fás.
- Clúdaíonn **DART+ Thiar** an líne go Maigh Nuad agus cuimsíonn sé feabhsuithe i lár na cathrach, suiteálacha nua leictriúcháin agus athchomharthaíochta agus uasghráduithe bonneagair eile. Ní bhfuair an CRI aon aighneachtaí don scéim seo in 2024.
- Clúdaíonn **DART+ an Iardheiscirt** leictriú na líne idir Heuston agus Collchoill agus Heuston go Glas Naíon áit a mbeidh stáisiún idirmhalartaithe le Metrolink. Go déanach in 2024, cheadaigh an Bord Pleanála an t-iarratas ar Ordú Iarnróid don tionscadal seo ach amháin tógáil iosta iarnróid nua a bheidh ina thionscadal ar leith anois. Ní bhfuair an CRI aon aighneachtaí don scéim seo in 2024.

## Metrolink

Soláthróidh Tionscadal Metrolink seirbhís iompair phoiblí leithscartha, ardtoillte, ardmhinicíochta, nua-aimseartha agus éifeachtach do dhaoine a bheidh ag taisteal feadh chonair Shoird/Aerfoirt go Lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath. Eisíodh Litir Ghlactha Chéim 1 nuashonraithe maidir leis an 'gcéim choincheapa' i bhFeabhra 2024. Osclaíodh an dara Comhairliúchán Poiblí ar MetroLink i Lúnasa 2024 agus meastar go ndéanfaidh an Bord Pleanála cinneadh in 2025. Bhuail Cigirí CRI le hoifigigh TII go minic in 2024 mar ullmhúchán d'aighneacht do Céim 2 – Réamhdhearadh níos déanaí in 2025.

## Droichid/ardáin/stáisiúin

In 2024, d'eisigh an CRI 20 litir ghlactha chuig IÉ-IM maidir le hiarratais nua ar údarú do dhroichid, dhá cheann le haghaidh ardáin nua/síneadh ardáin agus ceithre cinn do thionscadail stáisiúin nua/uasghrádaithe. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh níos mó ná litir ghlactha amháin a bheith faighte ag roinnt tionscadal sa bhliain, mar shampla fuair Stáisiún Bhaile Pheiléid litir ghlactha d'oibríocht eatramhach agus níos déanaí sa bhliain do sheirbhís iomlán.

Céim 3 – Eisíodh Litreacha Glactha Mionsonraithe le haghaidh:

— Pacáiste Oibre CACR 1 Bonneagar, Tré-Ardán Stáisiún Ceannt
— Athnuachan ar Tharbhealach Bhaile Riobaird UBF(BF)18
— Scéim athchóirithe Líne Luimnigh go Faing Pacáiste Oibre 3 Suiteáil Rian
— Droichead coise nua (OBT47A), ardaitheoirí srl ag Stáisiún an Rátha Mhóir, Co. Chorcaí
— Droichead coise nua (OBG20B), ardaitheoirí srl ag Stáisiún Mhaigh Nuad, Co. Chill Dara
— Droichead bóthair nua (OBF9A) ag 21 míle 1033 slat ar an Líne Luimnigh go Faing
— Droichead bóthair nua (OBF23A) ag 12 mhíle 1441 slat ar an Líne Luimnigh go Faing
— Droichead bóthair nua (OBF16B) ag 10 míle 1218 slat ar an Líne Luimnigh go Faing
— Pacáiste Oibre 3 CACR – Oibreacha ardleibhéil
— Droichead coise nua (OBW39A), ardaitheoirí srl ag Stáisiún Bhaile Átha Í, Co. Chill Dara
— Stáisiún Ráth Droma: Ardaitheoir a chur leis an droichead coise (OBR180) ag 91 Míle 1500 slat ar an líne Baile Átha Cliath go Ros Láir
— Tardhroichead coise nua (OBY1A) ag 1 mhíle 70 slat ar an Líne ó Chorcaigh go Mainistir na Corann.

Eisíodh Litreacha Ghactha Céim 5 – Oibríocht Eatramhach le haghaidh na dtionscadal níos forbartha seo a leanas:

— Ardán nua ag Acomhal Luimnigh le trasdhroichead coiser lena n-áirítear ardaitheoirí agus staighrí
— Droichead coise nua, ardaitheoirí srl ag Stáisiún Dheilginse, Co. Bhaile Átha Cliath
— Tardhroichead Coise Iarnróid Nua, OBB66A, ag Stáisiún Bhaile Mhic Gormáin
— Stáisiún nua le trasdhroichead coise ag Baile Pheiléid ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Maigh Nuad
— Droichead reatha OBN77 a athsholáthar ar Líne Acomhal Bhaile Uí Bhrói go Cill Rónáin
— Pacáiste Oibre CACR 1 Tré-Ardán Stáisiún Ceannta – eilimintí Comharthaíochta Ardán
— Cothabháil agus deisiúcháin ar stáisiún reatha na Ciseoige agus athbhreithniú ar an gclúdach aghaidhe le go mbeidh an stáisiún in ann dul i mbun oibriúcháin.

Eisíodh Céim 6 –Oibriú Seirbhíse do na tionscadail chríochnaithe seo a leanas:

— Tardhroichead nua do choisithe (OBW65A) le hardaitheoirí ag Stáisiún Cheatharlach
— Tardhroichead nua 25 slat siar ó OBC414B suite ag 168mls 689 slat Líne ó Chorcaigh go Mainistir na Corann
— Droichead coise nua, ardaitheoirí srl ag Stáisiún Dheilginse, Co. Bhaile Átha Cliath
— Tardhroichead coise Iarnróid Nua, OBB66A, ag Stáisiún Bhaile Mhic Gormáin
— Droichead coise nua, ardaitheoirí srl ag Stáisiún an Oileáin Bhig
— Droichead reatha OBN77 a athsholáthar ar Líne Acomhal Bhaile Uí Bhrói go Cill Rónáin
— Droichead coise nua (OBT20B), ardaitheoirí srl ag Stáisiún Bhántír
— Droichead coise a athsholáthar ar an Líne Iarnróid ó Phort Láirge go Luimneach ag 62 míle, 470 slat
— Stáisiún nua le trasdhroichead coise ag Baile Pheiléid ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Maigh Nuad
— Cothabháil agus deisiúcháin ar stáisiún reatha na Ciseoige agus athbhreithniú ar an gclúdach aghaidhe le go mbeidh an stáisiún in ann dul i mbun oibriúcháin.

### Ionad Náisiúnta Rialaithe Traenach

Leanadh ar aghaidh le hobair ag an Lárionad Náisiúnta Rialaithe Traenach (NTCC) nua ag Stáisiún Heuston i rith 2024, le feistiú an fhoirgnimh agus suiteáil crua-earraí an tseomra rialaithe ar siúl. Leanadh le hobair freisin ar an gCóras Bainistíochta Tráchta (TMS) a fhorbairt a ghlacfaidh smacht ar gach comhartha atá ar líonra IÉ cheana féin. Bhí cigirí CRI i dteagmháil rialta le Foireann Tionscadail Iarnród Éireann agus cuireadh tús lena n-aighneacht maidir le Céim 4 – Tástáil, i Ráithe 3 2024, agus táthar ag súil go dtabharfar an measúnú chun críche i Ráithe 1 2025.

## APIS – Comharthaíocht agus teileachumarsáid

### Córas Domhanda Iarnród Éireann um Chumarsáid Soghluaiste – Iarnród (GSM-R)

Cuid lárnach d'oibriú sábháilte traenach is ea cumas an lárionaid rialaithe cumarsáid a dhéanamh le tiománaithe traenach agus vice versa. Úsáideann an córas cumarsáide atá ann faoi láthair córas raidió analógach, agus sa tionscadal seo, cuirfear GSM-R, arb é gnáthghnáth an tionscail é faoi láthair, in ionad an chórais seo.

Tá dhá thasc ghaolmhara (fo-thionscadail) ar siúl go comhthreomhar chun an tionscadal iomlán seo a sheachadadh. Clúdaíonn an chéad chuid an bonneagar atá á shuiteáil ar thaobh an iarnróid agus an dara cuid trealamh atá á shuiteáil ar na traenacha. Déantar an dá fho-thionscadal a mhiondealú tuilleadh ina gcéimeanna mar gheall ar chastacht an taisc agus na cabhlaigh traenacha éagsúla atá ann.

In 2024, d'eisigh an CRI litreacha glactha do Chéim 4 agus 5 maidir le bonneagar agus trealamh traenach ar bord araon.

### Córas Cosanta Traenach Iarnród Éireann (TPS) – ETCS Taobh Riain Leibhéal 1 (Aicme A)

I gcomhar leis an gcóras cumarsáide soghluaiste a bhfuil cur síos air thuas, agus sula dtiocfaidh an Flít Dart nua i mbun seirbhíse, tá an Córas Eorpach um Rialú Traenach Leibhéal 1 (Aicme A) á chur in ionad an chórais chomharthaíochta reatha. I rith 2024, lean foireann tionscadail ASP ag ullmhú a miondearaidh, ag tabhairt faoi oibreacha cumasúcháin, ag déanamh tástálacha innealtóireachta agus ag foghlaim óna cuid oibre a cuireadh i gcrích cheana féin ar Bhrainse Bhinn Éadair (DG1) in 2023/24.

I mí na Nollag 2024, d'eisigh an CRI Litir Ghlactha do Chéim 3 – Mionsonraithe Dearaidh do chéim DG2-DG6 den tionscadal, a chlúdaíonn an chuid den líne idir Droichead Átha agus Brainse Bhinn Éadair – na Clocha Liatha.

Faoin Treoir Idir-inoibritheachta (AE) 2016/797, ní mór don chuid is mó de thionscadail iarnróid amhail córas nua comharthaíochta a thabhairt isteach Sonraíochtaí Teicniúla le haghaidh Idir-inoibritheachta (STInna) a chomhlíonadh. Sainíonn na STIanna seo na caighdeáin theicniúla agus oibríochtúla nach mór do gach fochóras a chomhlíonadh, e.g. fochóras bonneagair nó fochóras fuinnimh nó cuid d'fhochóras chun na ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh agus chun idir-inoibritheacht chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Mar sin féin, faoi Airteagal 7 den Treoir Idir-inoibritheachta, féadfaidh Ballstát aighneacht a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, thar ceann iarratasóra (Eagraíocht Iarnróid nó eagraíocht eile) gan STI amháin nó níos mó nó cuid díobh a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach nó buan.

I mí an Mheithimh 2023, mar chuid den tionscadal seo, fuair an CRI iarratas ó Iarnród Éireann maidir le neamhfheidhmiú na gceanglas STI a bhaineann le tástáil le dhá chóras ar bord. Rinne an CRI, a rinne ionadaíocht thar ceann an Bhallstáit, athbhreithniú ar an iarratas seo agus chuir sé faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh é chun cinneadh a dhéanamh. I mí na Bealtaine 2024, chinn an Coimisiún Eorpach go dearfach agus ghlac sé leis an neamhiarratas.

## Údarú Feithicle (VA) – Rothstoc

Éilíonn an reachtaíocht Eorpach chéanna dá dtagraítear thuas freisin go dteastaíonn Údarú Feithicle (VA) nuair is mian le hEagraíochtaí Iarnróid feithiclí nua (traenacha) a thabhairt i mbun seirbhíse. Mar an gcéanna, i gcás modhnuithe áirithe ar rothra tá gá le VA. I gcás feithiclí ar nós tramanna, rothstoc iarnróid oidhreachta nó tionscail tá gá le 'litreacha glactha' de réir an Achta um Shábháilteacht Iarnróid.

Seo thíos forbhreathnú ar thionscadail reatha feithiclí agus rothstoic agus a stádas.

### Iarnród Éireann – Aicme Breise 22000 Aonaid Díosail Idirchathrach (ICDMU)

Chuaigh flít an ICDMU i mbun seirbhíse idir 2007 agus 2012. In 2019, rinne IÉ-RU comhaontú le Hyundai-Rotem chun 41 feithicil idirmheánach breise ar a dtugtar na carranna 'B2' a sholáthar leis an bhforáil go leathnófaí é seo go dtí 101 feithicil faoi 2026. D'údaraigh an CRI na feithiclí seo tríd an ERA OSS i bhFeabhra 2024.

Mar a cuireadh in iúl inár dtuarascáil bhliantúil do 2023, fuair an CRI iarratas ó Iarnród Éireann maidir le neamhfheidhmiú líon beag riachtanas STI (Daoine ar a bhfuil Soghluaisteacht Laghdaithe) PRM. Rinne an CRI athbhreithniú ar an aighneacht seo ag cinntiú go raibh údar maith ann don iarratas agus ag sonrú na bhforálacha malartacha a chuirfí i bhfeidhm. Rinne an CRI aighneacht chuig an gCoimisiún Eorpach mar gheall ar an neamhiarratas, agus i Márta 2024 ghlac an CE leis an iarratas.

### Iarnród Éireann – Il-Aonaid Díosail Idirchathrach Aicme 22000 (ICDMU)

Mar chuid den fheidhmiú céimneach náisiúnta ar an gcóras nua comharthaíochta ETCS (dá dtagraítear thuas) is gá crua-earraí agus bogearraí comhfhreagracha a chur le flít traenach an ICDMU ionas gur féidir leis an gcóras comharthaíochta cumarsáid a dhéanamh leis na traenacha. Chuir Iarnród Éireann tús le caidreamh leis an ERA ag lorg Údaraithe Nua do chineál feithicle údaraithe cheana féin le haghaidh 3 chineál feithicle. Is iad seo:

— Aicme 22000 DMU A22 – Feithicil Uimh. 22201
— Aicme 22000 DMU B – Feithicil Uimh. 22401
— Aicme 22000 DMU A33 – Feithicil Uimh. 22301.

Is próiseas céimnithe é seo, agus chríochnaigh an ERA an chéim tosaigh dá dtagraítear mar 'Bunlíne Réamh-Rannpháirtíochta, 'arna thacú ag an CRI, i mí Iúil 2024. Táthar ag súil le tuilleadh aighneachtaí in 2025.

### DART nua (flíteanna EMU/BEMU)

In 2021, chuir IÉ-RU agus Alstom creat-chomhaontú i gcrích lenar féidir suas le 750 feithicil (aonad) nua DART a ordú thar thréimhse deich mbliana. Go dtí seo tá comhiomlán de 185 feithicil ordaithe agus an chéad traein ag teacht go hÉirinn go déanach in 2024. Don bhliain seo chugainn déanfaidh Iarnród Éireann dian-réimeas tástála sula rachaidh siad i mbun seirbhíse do phaisinéirí in 2026. Is é an t-aonán údaraithe don rothstoc nua seo ná an ERA agus beidh an CRI freagrach as na gnéithe 'Limistéar Úsáide'. Táthar ag súil le haighneachtaí in 2025.

### Iarnróid oidhreachta

Ciallaíonn iarnród oidhreachta duine nó eagraíocht nach n-oibríonn ach seirbhísí traenach nó bonneagar iarnróid ar díol spéise staire nó turasóireachta iad.

— Pleanáil agus Rialú Oibriúcháin Iniúchta RSIE (lena n-áirítear HOF).

Leantar den obair ar an iniúchadh seo isteach in 2025 agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar an iniúchadh ag deireadh 2024. Chomh maith leis an iniúchadh a bhí ar siúl ar RSIE in 2024, chuir an CRI tús le cigireacht amháin in 2024. Ba í seo an ghníomhaíocht seo a leanas:

— Comhtháthú na bhFachtóirí Daonna i gCothabháil Feithicle.

Leanann an obair ar an gcigireacht seo ag CS&E in 2025.

Críochnaíodh na gníomhaíochtaí seo a leanas ar cuireadh tús leo in 2023 maidir le RSIE in 2024:

— Tarlú Bainistíochta Sealbhaíochta ag Dromainn
— Athbhreithniú ar Chothabháil agus Oibríochtaí MPV 790.

Do RSIE san iomlán laistigh de 2024 eisíodh 2 AR agus 1 SFI chuig RSIE. Tugadh aghaidh ar na torthaí neamhchomhlíonta go léir a éilíonn gníomh laistigh d'amlíne ar leith nó tá dul chun cinn maith déanta orthu. Tá gach toradh eile á rianú go gníomhach ag cigirí CRI.

## Bord na Móna (BNM)

Is leis agus oibríonn BNM iarnród tionsclaíoch a úsáidtear chun móin a iompar. Tá an CRI freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar BNM nuair a bhíonn a mbonneagar iarnróid ag comhéadain le bóithre poiblí, i.e. ag crosairí comhréidhe agus droichid os cionn/faoin iarnród.

Leanann oibríochtaí móna meilte BNM de bheith ag foirceannadh go suntasach agus dá bhrí sin tá a leibhéal oibriúcháin laghdaithe go leanúnach. Níl aon chrosairí comhréidhe bóthair oibríochtúla ag BNM anois, in 2023, bhí 28 ann. Ón bplé a rinneadh le déanaí ag deireadh 2024 le BNM d'fhéadfaí cuid de na crosairí comhréidhe sin a bhí gníomhach roimhe seo a athghníomhú chun gluaiseachtaí trealaimh a éascú.

Thosaigh agus chríochnaigh an CRI cigireacht amháin ar BNM in 2024 agus dhírigh an chigireacht ar:

— Cigireacht ar Chrosaire AHB i nDoire Ghrianach & gach geata gníomhach eile atá ar fáil le haghaidh díchoimisiúnaithe le comhéadan bóithre poiblí.

Ar chríochnú na gníomhaíochta ní raibh aon torthaí gaolmhara. Mar gheall ar dhíchoimisiúnú níor coinníodh aon SPRM ach fuarthas nuashonrú ó Bhainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta BNM le linn R4 2024.

Níor cuireadh an CRI ar an eolas faoi aon tarluithe ar an ngréasán BNM in 2024.

## Iarnróid oidhreachta

Déanann an CRI monatóireacht ar oibríochtaí roinnt iarnróid oidhreachta féinchuimsitheacha. In 2024 bhí na hiarnróid oidhreachta seo a leanas faoi réir gníomhaíochtaí ag roinn CS&E an CRI:

- Iarnród an Chabháin agus Liatroma, An Dromaid, Co Liatroma a d'iompair 5,000 paisinéir in 2024
- Iarnród Loch Duibhlinne, Gort na Darach, Ráth Bhoth, Co Dhún na nGall a d'iompair 44,237 paisinéir in 2024
- Iarnród Bhaile na Finne & Na Gleannta, Co. Dhún na nGall a d'iompair 6,139 paisinéir in 2024
- Cumann Buanchoimeádta Gaile na hÉireann, An Sráidbhaile. Co Laoise a d'iompair 6,050 paisinéir in 2024
- Iarnród Aonráille Lartigue Lios Tuathail, Co. Chiarraí a d'iompair 4,119 paisinéir in 2024
- Iarnród Phort Láirge & Ghleann na Siúire (W&SVR), Cill Mhíodáin Co. Phort Láirge a d'iompair 27,318 paisinéir in 2024
- Iniúchadh Iarnróid Oidhreachta Chonamara, Crois an Teach Dóite, Conamara a d'iompair 264 paisinéir in 2024.

Ar an iomlán, do líonraí oidhreachta scartha iompraíodh 93,127 paisinéir san iomlán in 2024. Is méadú measartha é an figiúr seo ar fhigiúr iomlán 2023 de 90,231 paisinéir.

Rinneadh iniúchtaí suímh ar shé oibreoir iarnróid oidhreachta, féach thíos. Is éard a bhí i gceist leis seo ná cigireacht ar shócmhainní, breathnú ar oibríochtaí, agus cruinnithe leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann oibriúcháin chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh a gcórais bhainistíochta sábháilteachta faofa.

- Cigireacht bhliantúil an Chabháin agus Liatroma
- Cigireacht Bhliantúil ISPS
- Cigireacht Bhliantúil ar Iarnród Aonráille Lartigue
- Iarnród oidhreachta Bhaile na Finne – Cigireacht Bhliantúil
- Cigireacht Iarnróid Loch Duibhlinne
- Cigireacht Bhliantúil Phort Láirge & Gleann na Siúire.

Ba é an t-aon iarnród gníomhach oidhreachta nár scrúdaíodh ná iarnród oidhreachta Chonamara a thosaigh ag glacadh paisinéirí ag deireadh R4 2024. As na hiniúchtaí a rinneadh, críochnaíodh 3 cinn go hiomlán agus tá na torthaí seo a leanas acu:

- Cigireacht Bliantúil an Chabháin & Liatroim – Plean Feabhsúcháin Eisithe – 1 mhion-neamhchomhlíonadh, 3 TC déanta agus 4 SFI
- Níor tháinig aon toradh ar Chigireacht Bliantúil ISPS
- Cigireacht Iarnród Aonráille Lartigue déanta 1 Ghníomhaíochta Riachtanach agus 4 SFI.

Leanann obair ar aghaidh go dtí 2025 ar chigireachtaí eile ar cuireadh tús leo in 2024 agus atá ar siúl go leanúnach.

### Cumann Caomhnaithe Iarnróid na hÉireann (RPSI)

Is é an RPSI an t-aon iarnród oidhreachta a fheidhmíonn ar líonra IÉ-IM, agus dá bhrí sin, tá sé faoi réir leibhéal níos airde maoirseachta ná na hiarnróid oidhreachta neamhspleácha a fheidhmíonn ar a mbonneagar ar leith féin. D'iompair RPSI 13,413 paisinéir in 2024.

Chuir an CRI tús le 3 ghníomhaíocht ar an RPSI in 2024. Seo a leanas iad:

- Cigireacht Seabreeze
- RPSI SPRM
- Cigireacht Midlander Tíre.

Mar thoradh ar an gCigireacht Seabreeze eisíodh treoir do Phlean Feabhsúcháin don RPSI maidir leis an mion-neamhchomhlíonadh seo. Eisíodh 2 TC eile agus 1 SFI mar chuid den chigireacht seo. Ní raibh aon torthaí gaolmhara don Chigireacht Midlander.

### IRD CLG Choillte Mach – Velorail Choillte Mach

Sa bhliain 2024, d'iompair siad 2,900 paisinéir sa dara bliain oibríochta ag CLG Choillte Mach. Bhí siad faoi réir maoirseachta, lenar bhain cigireacht ar shócmhainní, oibríochtaí breathnaithe, agus cruinnithe leis an bpríomhfhoireann bainistíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh lena gcórais bhainistíochta sábháilteachta faofa.

Maidir le cigireacht 2024 níor eisíodh aon torthaí inrianaithe ach d'eisigh an CRI 2 SFI dá bharr.

## Foláirimh tionscal

Faigheann an CRI foláirimh sábháilteachta don earnáil iarnróid ón ERA agus ón RAIU araon. In 2024 fuarthas cúig rabhadh sábháilteachta ó ERA. Rinne an CRI na foláirimh sábháilteachta go léir a scaipeadh chuig na pointí teagmhála teicniúla iarnróid throma ábhartha. Seo a leanas achoimre orthu seo:

1. **Ábhar:** roth rothstoic
   **Trealamh:** neamhghnách trí thacair rothaí a chur le chéile ag Alstom Reuschling Service GmbH & Co. KG Nuashonrú le haghaidh foláireamh NSA eile eisithe 05 Iúil 2024
2. **Ábhar:** rothstoc – eile
   **Trealamh:** damáistí (scoilteanna) de tháthuithe bíomaí sna hailt de vaigíní coimeádáin sraith Sggrss 80' agus Sggrss 90'
3. **Ábhar:** rothstoc – roth
   **Trealamh:** damáistí d'imthacaí sorcóir inmheánacha, a mhonaraíodh in 2023
4. **Ábhar:** rothstoc – roth
   **Trealamh:** rothaí curtha le chéile ag ALSTOM Reuschling Service GmbH&Co. KG, Hattingen (An Ghearmáin)
5. **Ábhar:** rothstoc – roth
   **Trealamh:** JNS Rothaí briste: Bearta rialaithe riosca láithreach a chur i bhfeidhm ar rothaí de chineálacha rotha inchomparáide BA390, Db-004sa, RI 025

# Uiríll

Fuair an CRI 39 uiríoll i dtaca le raon de chúrsaí a bhain le bonneagar iarnróid throm agus éadrom agus cúrsaí oibriúcháin.

As na 39 n-uiríoll a fuarthas, ba iarratais ar fhaisnéis a fuarthas ó chomhlachtaí/gníomhaireachtaí rialála eile iad 17 acu seachas gearáin faoi sheirbhísí nó imní sábháilteachta. As na huiríll a bhí fágtha, bhain 2 le sábháilteacht an bhonneagair, bhain 8 le sábháilteacht an rothstoic, bhain 7 gcinn le sábháilteacht oibríochtaí traenacha agus bhain 5 le sábháilteacht oibriú iarnróid.

Maidir le hiarratais ar Fhaisnéis ó chomhlachtaí rialála eile, chuimsigh siad seo fiosrúcháin ar:

- Treoracha CER agus NIS 2
- Caighdeáin Iarnróid na hÉireann
- Imscrúduithe Timpiste
- Bearnaí Ardán Iarnróid Éadrom chun críocha Dearaidh
- Cuar ga íosta le haghaidh RRVanna.

Áirítear le huiríll ar shábháilteacht an bhonneagair ábhair imní maidir le sábháilteacht na struchtúr in aice leis an gcobhsaíocht oibríoch iarnróid/claífoirt agus imní maidir le droichead coisithe a bhfuil creimthe/dílamadh féideartha tuairiscithe.

Maidir le sábháilteacht oibríochtaí traenach a fuarthas, áiríodh orthu sin imní maidir le plódú ar sheirbhís IÉ, moilleanna curtha i leith saincheisteanna bonneagair ar an bpríomhlíne, tine a tharla ar sheirbhís IÉ, agus timpiste comhéadan traenach ardáin ag stáisiún Ros Comáin agus imní faoi chumarsáid iarnróid oidhreachta le linn seirbhísí. Maidir le hiarnród éadrom bhí imní faoi chúngracht ar stad tram Luas, uiríoll maidir le seirbhísí tram Luas agus maidir le tramanna a bhaint den tseirbhís.

Ní bhfuarthas aon uiríll maidir le sábháilteacht stáisiún.

I ndáil le huiríll ar shábháilteacht an rothstoic áiríodh imní maidir leis an LUAS, modhnuithe sreangaithe ar charráistí RPSI, iompar neamhchothromaithe ar thraenacha an RPSI, doras oscailte go páirteach ar an bhFiontar, coimeád taifead IÉ ar thaifid chothabhála do rothstoc, saincheist tuairiscithe maidir le feidhmíocht dorais DART agus maidir le sábháilteacht an phobail ar thraenacha IÉ.

Tugann an CRI aird mhór ar aon uiríoll a fhaightear maidir le sábháilteacht iarnróid a dhéanann foireann iarnróid, paisinéirí iarnróid, baill an phobail, nó daoine eile. Mar a léiríodh ní raibh impleachtaí sábháilteachta féideartha ach ag líon teoranta. Rinneadh obair leantach orthu seo go léir trí chigireacht agus trí rannphairtíocht dhíreach leis na heagraíochtaí iarnróid ábhartha nuair ba ghá.

Féach Aguisín D Fíor 9 le haghaidh treochtaí uiríll.

## Feidhmíocht sábháilteachta

Chomh maith le gníomhaíochtaí ar an láthair amhail cigireachtaí agus iniúchtaí, téann an CRI i dteagmháil le príomhbhainistíocht ó na heagraíochtaí iarnróid a ndéantar maoirseacht orthu, agus tugtar faoi na bealaí cumarsáide seo a leanas go tráthrialta lasmuigh de ghníomhaíochtaí maoirseachta príomhúla:

- Cruinnithe tréimhsiúla athbhreithnithe feidhmíochta sábháilteachta (SPRManna)
- Cruinnithe athbhreithnithe torthaí CRI
- Cruinnithe athbhreithnithe moltaí sábháilteachta RAIU
- Cruinnithe athfhillteacha tréimhsiúla le pearsanra na heagraíochta iarnróid de réir mar is gá (i.e.: bainisteoirí imscrúdaithe srl).

Is cuid lárnach den rannpháirtíocht sin an mhaoirseacht leanúnach ar an bhfeidhmíocht sábháilteachta, lena n-áirítear athbhreithnithe ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus méadrachtaí eile a chuireann go léir leis na pleananna maoirseachta bliantúla.

Is táscairí feidhmíochta sábháilteachta iad roinnt táscairí feidhmíochta sábháilteachta amhail imbhuailtí, díráillithe, tinte ar rothstoc, SPADanna, teipeanna/lochtanna bonneagair etc. In 2024, reáchtáladh 4 SPRM le IÉ-IM agus IÉ-RU, agus 3 SPRM le Transdev. Ina theannta sin, reáchtáladh cruinnithe ar leith le Transdev 'Engineering' ós rud é go n-oibríonn agus go gcoimeádann Transdev tramanna agus infrastruchtúr LUAS atá anois trí fhormáid athfhillteach neamhspleách agus mar is gá maidir le gníomhaíochtaí iar-tharlaithe. Reáchtáladh trí SPRM freisin le RSIE, dhá cheann le NIR (Translink) agus ceann amháin leis an RPSI. Maidir le hiarnróid oidhreachta, a fheidhmíonn go neamhspleách, déantar an phríomhghníomhaíocht iniúchta a chumasc go hiondúil le cruinniú, ach reáchtáladh SPRManna ar leith leis an RPSI agus an Irish Steam Preservation Society (ISPS). Reáchtáladh cruinnithe sonracha breise (lasmuigh de SPRManna) le hIarnród Oidhreachta Chonamara ag Crosaire an Teach Dóite sular thosaigh siad ag iompar baill den phobal.

### Líonra iarnróid trom

#### SPADanna ar an líonra iarnróid trom

I gcomhthéacs oibriúcháin bhí líon na dteagmhas SPAD cothrom le teagmhais SPAD na bliana roimhe sin ar líonra iarnróid Iarnród Éireann ag 11 san iomlán. Tá laghdú ag teacht ar an treocht fhoriomlán le 10 mbliana anuas ó 2015 go 2024, agus breathnaítear air seo mar laghdú foriomlán dearfach sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Féach Aguisín D Fíor 4.

#### Imbhuailtí le hainmhithe ar an ngréasán iarnróid throm

Léiríonn Fíor 3, laistigh d'Aguisín D, líon iomlán na n-imbhuailtí do gach catagóir ó 2015 go 2024. Cé go bhfuil méadú soiléir ar líon na n-imbhuailtí, 158 in 2024 i gcomparáid le 124 in 2023, is iad na foghrúpaí ábhartha atá ag tiomáint an mhéadaithe imbhuailtí traenach le hainmhithe móra ar an líne, agus imbhuailtí traenach le constaicí eile ar an líne. Cuireann IÉ-IM agus IÉ-RU araon sonraí achoimre ar fáil don CRI, agus tá sé seo á athbhreithniú i gcónaí ag an CRI. Is í an phríomhchúis leis an méadú ná méadú ar imbhuailtí le fianna. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag IÉ-IM ar bhearta féideartha breise a d'fhéadfaí a fhorbairt i dteannta le bearta roimhe seo chun na méaduithe le déanaí seo a mhaolú. Níl fálú teorann a úsáidtear mar phríomhrialú do bheostoc chomh héifeachtach in aghaidh fianna. Maidir leis an bhfoghrúpa eile d'imbhuailtí traenach le constaicí eile ar an líne tá méadú níos lú soiléir ach cuireann sé leis an méadú iomlán fós. Is gnách go mbíonn na cásanna seo mar gheall ar iompar frithshóisialta. Tá CRI ar an eolas faoi na maoluithe riosca breise atá beartaithe ag IÉ-IM sa réimse seo agus tugann IÉ cuairt ghníomhach ar scoileanna áitiúla i gceantair ina bhféadfadh iompar frithshóisialta méadaithe ar an iarnród a bheith ag dul i méid. Tá na bearta maolaithe breise seo faoi athbhreithniú leanúnach ag an CRI.

### Díráillithe traenacha ar an ngréasán iarnróid throm

Bhí trí cinn de dhíráilliú traenach ann in 2024, agus tharla siad seo ar fad i dtaobhlaigh IÉ. Bhí trí cinn ann freisin in 2023. Ní dhéanfaí an bonneagar laistigh de na taobhlaigh a chothabháil chomh hard le bonneagar na príomhlíne, agus bheadh na díráillithe seo go léir ar luas íseal freisin agus go príomha ag pointí láimhe a oibrítear de láimh. Mar sin is lú i bhfad an déine a d'fhéadfadh a bheith ag na díráillithe seo sna taobhlaigh. Féach Aguisín D Fíor 5 le haghaidh treochtaí 10 mbliana.

### Gortuithe marfacha a bhaineann le traein ag gluaiseacht ar an ngréasán iarnróid throm

Mar a luadh cheana sa tuarascáil seo, go tragóideach in 2024 bhí 12 teagmhas marfach ar na hiarnróid náisiúnta nuair a bhain an díobháil mharfach le traein ag gluaiseacht, agus ina raibh foghail nó mí-eachtraí i gceist. Tharla na teagmhais mharfacha seo ar fad ar líonra iarnróid throm Iarnród Éireann. Titeann líon na mbásanna, don chatagóir seo, laistigh den raon sonraí 10 mbliana i gcomparáid. Tugtar faoi deara, áfach, go bhfuil líon na mbásanna ag an uasphointe ar fad don raon sonraí 10 mbliana. Le 10 mbliana anuas níor tharla ach ócáid amháin eile ina raibh an líon básanna sin ann. Mar thoradh ar fhigiúr 2023 de 11 bhás iomlán freisin tá méadú áitiúil don dá bhliain sonraí seo laistigh den raon foriomlán 10 mbliana.

### Ráillí briste – líonra iarnróid throm

Mar a luadh cheana sa tuarascáil seo bhí ceithre chás de ráillí briste ar líonra IÉ. D'fhéadfadh iarmhairt ard-dhéine a bheith ag cásanna iarnróid briste agus is príomh-Tháscaire Sábháilteachta Coitianta (CSI) le haghaidh faireacháin iad freisin. Le 5 ráillí briste tuairiscithe in 2023 agus 4 ráillí briste in 2024, tá méadú ag teacht ar an treocht áitiúil do ráillí briste bunaithe ar anailís treochta 5 bliana. Fachtóir suntasach ina leith seo is ea go bhfuil figiúr tuairiscithe 2023 ag uasphointe 10 mbliana do ráillí briste taifeadta. Leanann an roinn CS&E ag plé le IÉ-IM ar an ábhar seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis atá i bhfeidhm do tháthú teirmíte (táthú bunaithe ar shuíomh) agus do splanctháthú.

## Líonra iarnróid éadrom

### Teagmhais SPAS/SPAD ar líonra LUAS

Tá tramanna á rialú ag comharthaí taobh líne. Is éard atá sna comharthaí seo ná sraith dé-óidí astaithe solais (LED) a shoilsíonn i bpatrúin ar leith ag brath ar an gcomhartha a thugtar don tiománaí.

Ciallaíonn 'téigh ar aghaidh' go bhfuil sé sábháilte taisteal trí acomhal de chineál éigin, agus ciallaíonn comhartha 'stad' nach bhfuil sé sábháilte do thram dul trí acomhal. Tá go maith os cionn 100 acomhal ar an ngréasán rialaithe ar an mbealach seo. Is dearadh coitianta é do chórais iarnróid éadroma san Eoraip.

Le blianta beaga anuas tá méadú tagtha ar líon na n-amanna a ndeachaigh tiománaí ar aghaidh thar chomhartha nuair a bhí an comhartha ag stad (SPAS) ó na híosphointí stairiúla idir 2019 agus 2021. Bhí 28 in 2022 agus 31 in 2023, ach taifeadadh laghdú go 25 in 2024 (féach Aguisín D Fíor 7). Is dócha go mbaineann an laghdú seo le roinnt fachtóirí. Tá sé tugtha le fios ag TDLR go bhfuil roinnt tionscnamh déanta acu chun earráidí ag comharthaí a laghdú, feabhas a chur ar bhainistíocht na timpeallachta oibriúcháin, agus athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhais nuair a chuathas trí chomharthaí stad gan cead chun an dóchúlacht go dtarlóidh siad arís a laghdú. Mhéadaigh an CRI a ghníomhaíocht sa réimse seo freisin mar fhreagra ar fheidhmíocht atá ag dul in olcas trí dhul i dteagmháil le Transdev maidir lena n-anailís ar chúis agus a chinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí imscrúdaithe éifeachtach. Toisc go mbeidh Transdev ag athnuachan an SMS in 2025, beidh feidhm ag ceanglais nua maidir le córais bhainistíochta sábháilteachta a éilíonn níos mó béime a chur ar bhainistíocht na bhfachtóirí daonna agus eagraíochtúla a d'fhéadfadh cur le feidhmíocht sábháilteachta neamh-inmhianaithe.

Tá na fachtóirí seo thar a bheith tábhachtach i ngnéithe oibríochtúla na sábháilteachta iarnróid, áit ar eol go mbíonn tionchar ag eirgeanamaíocht agus cultúr eagraíochtúil ar fheidhmíocht sábháilteachta. Rinne tuarascáil gaolmhar RAIU Imscrúdú Treochtaí ar Chomharthaí a ritheadh ag stad ar Líonra LUAS – tuarascáil RAIU Uimh. 2022 – R003 a foilsíodh an 21 Deireadh Fómhair 2022 roinnt moltaí a bhain leis an ábhar seo freisin. Tá páirtithe leasmhara i mbun gníomhaíochtaí faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais atá sna moltaí sin. Leanann obair ar aghaidh freisin sa CRI maidir lena gcur i bhfeidhm.

Ina theannta sin, déanann cigire CRI le ball foirne ábhartha TDLR athbhreithniú ar gach imeacht SPAD/SPAS chun a chinntiú go dtugtar faoi imscrúdú cúiseach leordhóthanach.

## Comhthéacs foriomlán

In 2024, rinneadh measúnú ar fheidhmíocht sábháilteachta foriomlán earnáil iarnróid throm na hÉireann den chuid is mó dearfach go leor i gcomparáid leis na sonraí atá ar fáil atá tiomsaithe agus anailísithe ag an CRI ó 2006. Tugtar an measúnú dearfach seo i gcomparáid le blianta roimhe seo agus i gcoinne staitisticí Eorpacha freisin.

I gcomhthéacs Eorpach, mheasfaí go bhfuil feidhmíocht sábháilteachta na hÉireann an-mhaith. Mar sin féin, d'athródh timpiste shuntasach amháin an mhéadracht feidhmíochta go hiomlán mar gheall ar mhéid líonra na hÉireann. Mar sin is fócas leanúnach don roinn CS&E an bhéim ar fheabhsú leanúnach leis na heagraíochtaí iarnróid ar fad, agus gníomhaíochtaí maoirseachta réamhghníomhacha. Tá na gníomhaíochtaí maoirseachta réamhghníomhacha seo de chuid na roinne CS&E ag teacht go hiomlán le riachtanais ERA.

Eisceacht maidir le sonraí Eorpacha is ea an CSI maidir le ráillí briste. Mar a thagraítear sa tuarascáil seo, áfach, tá na ráillí briste uile á dtuairisciú faoi láthair don ERA le haghaidh líonra iomlán IÉ agus ní mór é seo a athbhreithniú agus a chatagóiriú ina ráillí briste don phríomhlíne agus ansin ina ráillí briste le haghaidh taobhlach. Ina dhiaidh sin ní mór athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar mhéadracht roimhe seo i gcomparáid le figiúirí tagarmhairc Eorpacha do stáit an AE. Is é an chúis atá leis an difreáil ná go mbíonn i bhfad níos mó teagmhais ard-iarmhairtí féideartha ag ráillí briste príomhlíne le haghaidh seirbhísí oibríochtúla.

Mar sin féin, bhí Éire go seasta i measc na mBallstát a bhfuil na rátaí báis is ísle acu. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin nach raibh aon bhás paisinéirí in Éirinn le linn na tréimhse seo agus na básanna a tuairiscíodh, 12 san iomlán is cúis le foghail/mí-eachtraí.

Ar leithligh, foilsíonn an CRI a thuarascáil bhliantúil staitistiúil ina dtugtar anailís mhionsonraithe ar fheidhmíocht sábháilteachta iarnróid in Éirinn. Foilseofar an tuarascáil seo do 2024, mar a bhí le tuarascálacha roimhe seo, níos déanaí sa bhliain chun go mbeidh sé níos éasca sonraí bailíochtaithe bliana iomlána a fháil ó gach eagraíocht iarnróid. Tiomsaíodh Tuarascáil Feidhmíochta Sábháilteachta 2023 in 2024 agus beidh sí ar fáil go luath ar shuíomh gréasáin CRI.

Tá cuid de na príomhshonraí feidhmíochta sábháilteachta d'eagraíochtaí iarnróid a bhí ar fáil tráth foilsithe na tuarascála bliantúla seo curtha i láthair in Aguisín D.

## Monatóireacht NSA

Le hAirteagal 33 de Rialachán (AE) 2016/796 maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh agus Cinneadh Uimh. 2741 ón mBord Bainistíochta, tugtar an cúram don Ghníomhaireacht faireachán a dhéanamh ar "acmhainn na n-údarás náisiúnta sábháilteachta cúraimí a bhaineann le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht iarnróid a chur i gcrích" agus "éifeachtacht an fhaireacháin a dhéanann na húdaráis náisiúnta sábháilteachta ar chórais bhainistíochta sábháilteachta".

Mar chuid den dara timthriall iniúchta trí bliana, ar NSAnna na mBallstát uile, rinne an ERA iniúchadh ar an CRI in 2024.

Áiríodh le raon feidhme an iniúchta:

- Creat dlíthiúil an AE le haghaidh eagraíocht NSA – díriú ar phlean gníomhaíochta CRI a chur chun feidhme ón gcéad timthriall iniúchta
- Creat dlíthiúil an AE um Dheimhniú Sábháilteachta leis an 4ú Pacáiste Iarnróid
- Creat dlíthiúil an AE um Údarú Sábháilteachta leis an 4ú Pacáiste Iarnróid
- Creat dlíthiúil an AE maidir le hÚdarú Feithicle chun údarú cineáil feithicle a chur ar an margadh agus a údarú
- Creat dlíthiúil an AE maidir le hÚdarú chun suiteálacha seasta a chur i mbun seirbhíse
- Creat dlíthiúil an AE maidir le maoirseacht NSA – díriú ar chur chun feidhme phlean gníomhaíochta CRI ón gcéad timthriall iniúchta
- Creat dlíthiúil an AE chun an creat rialála sábháilteachta a chur chun cinn
- Creat dlíthiúil an AE le haghaidh tascanna NSA ar Threoir na dTiománaithe Traenach.

Cuireadh tús leis an iniúchadh i mí an Mhárta 2024 nuair a soláthraíodh faisnéis agus doiciméadú, i gcomhréir le hiarratas na foirne iniúchta. Ina dhiaidh sin rinneadh gníomhaíocht ar an láthair i Meán Fómhair 2024. D'eisigh foireann iniúchta an ERA dréacht-tuarascáil i mí na Samhna 2024, ar thug an CRI freagra uirthi lena n-áirítear a phlean gníomhaíochta tosaigh do dhréacht-thorthaí an iniúchta. Táthar ag súil go n-eiseofar an tuarascáil chomhaontaithe deiridh i mí Márta 2025.

1. https://www.era.europa.eu/agency/management-board/management-board-decisions_ga#decision1472

# TUAIRISC AN CHEANNAIRE RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH AGUS RIALÁIL IARNRÓID



## Rialachas corparáideach agus riarachán

Cloíonn an CRI leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Airgeadais

Cuirtear maoiniú ar fáil don CRI i bpáirt trí Thobhach Sábháilteachta ar na heagraíochtaí éagsúla iarnróid agus i bpáirt trí Dheontas Státchiste.

Ina theannta sin, féadfaidh an CRI táille a ghearradh as raon dá ghníomhaíochtaí, go sonrach:

- Táillí a ghearrtar ar aitheantas Comhlachta Ainmnithe (DeBo)
- Táillí a ghearrtar ar an ERA mar an t-údarás náisiúnta sábháilteachta nuair is é an ERA an comhlacht measúnaithe le haghaidh deimhniú sábháilteachta aonair nó údarú feithicle
- Táillí a ghearrtar as suiteálacha cábla-bhealaigh a thógáil agus a chur chun seirbhíse a údarú nó as iad a mhodhnú
- Táillí a ghearrtar as ceadúnais tiomána traenach a eisiúint nó a athnuachan
- Táillí a ghearrtar as gnóthais iarnróid a cheadúnú.

Féadfaidh an CRI, le toiliú an Aire Iompair agus an Aire Airgeadais, rialacháin a dhéanamh lena bhforchuirtear tobhach ar eagraíochtaí iarnróid. Bhí na Rialacháin do 2024 in Ionstraim Reachtúil Uimh. 237 2024. Tá achoimre ar staid airgeadais CRI in 2024 léirithe thíos.

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---:|---:|
| Ioncam | | |
| Deontas Stáit | 554,885 | 682,687 |
| Ioncam Tobhaigh | 1,590,035 | 1,587,123 |
| Ioncam DeBo | 6,750 | 7,781 |
| Ioncam Eile | 18,354 | 18,456 |
| Maoiniú Sochar Scoir Iarchurtha | 389,000 | 236,000 |
| | 2,559,024 | 2,532,047 |
| Caiteachas | | |
| Costais Riaracháin | (2,488,869) | (2,600,192) |
| Comhairleoirí Teicniúla | (98,492) | (109,924) |
| Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasaí | (28,337) | (178,069) |
| Aistriú (chuig)/ón gCuntas Caipitil | 32,991 | 31,106 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain tar éis leithreasaí** | 4,654 | (146,963) |
| Iarmhéid tógtha ar aghaidh an 1 Eanáir | 1,072,335 | 1,219,298 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig | 1,076,989 | 1,072,335 |

*Tá Cuntais Iomlána do 2024 faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Foilsítear cuntais iniúchta bhliantúla CRI ar ár suíomh gréasáin ar leithligh ón tuarascáil seo. Foilsíodh ráiteas airgeadais iniúchta 2023 an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 8 Nollaig 2023.

## Luach saothair iomlán na foirne CRI

Tábla 5
Miondealú ar thuarastal na bhfostaithe

| Raon scála pá tuarastail | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Chuig | 2024 | 2023 |
| €60,000 | €69,999 | 1 | 0 |
| €70,000 | €79,999 | 4 | 9 |
| €80,000 | €89,999 | 4 | – |
| €90,000 | €99,999 | – | 1 |
| €100,000 | €109,999 | 1 | – |
| €110,000 | €119,999 | – | 1 |
| €120,000 | €129,999 | 2 | 1 |
| €130,000 | €139,999 | – | – |
| €140,000 | €149,999 | – | – |
| €150,000 | €159,999 | – | – |
| €160,000 | €169,999 | – | 1 |
| €170,000 | €179,000 | 1 | – |

Nochtar miondealú ar luach saothair iomlán na bhfostaithe os cionn €60,000, in incrimintí de €10,000, mar a cheanglaítear le himlitir 13/2014 ó DPER.

In 2024 b'ionann luach saothair an Choimisinéara agus €172,253.

## Tiomantas don Ghaeilge

Tá an CRI tiomanta do na codanna ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (arna leasú 2021) a chur i bhfeidhm. Tá comharthaíocht agus stáiseanóireacht CRI i nGaeilge agus i mBéarla faoi láthair. Tá ár dTuarascáil Bhliantúil, ár Ráiteas Airgeadais agus ár Ráiteas Straitéise ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin. Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe ag an CRI le haghaidh comhfhreagrais maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

## Saoráil Faisnéise (FoI)

Tá an CRI san áireamh i measc na n-eagraíochtaí atá liostaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 agus tá sé tiomanta do chloí le prionsabail an Achta seo. In 2024 fuarthas ceithre iarratas FoI, ar deonaíodh ceann amháin acu, deonaíodh dhá cheann i bpáirt, agus tarraingíodh siar ceann amháin. Is féidir sonraí na n-iarratas seo agus an fhaisnéis a d'eisigh an CRI roimhe seo faoi Shaoráil Faisnéise a fheiceáil ar an Loga Nochta FoI ar ár suíomh gréasáin, www.crr.ie/corporate-governance/.

## Cairt do chustaiméirí

Tá an Chairt um Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil ar shuíomh gréasáin an CRI. Déanann an chairt seo cur síos ar an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil leis ón CRI.

## Socruithe rialachais CRI leis an Roinn Iompair (DoT)

Tá an comhaontú maoirseachta agus an comhaontú seachadta feidhmíochta riachtanach i bhfeidhm ag an CRI de réir an Chóid Chleachtais. Bhí an dá chomhaontú faoi réir athbhreithnithe agus nuashonraithe leis an DoT in 2024. Bunaithe ar na comhaontuithe seo tháinig an CRI agus an DoT le chéile go foirmiúil ar bhonn ráithiúil chun gach páirtí a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha i réimsí an rialachais chorparáidigh, an bheartais iompair agus na reachtaíochta. In 2024 chuir CRI a tuarascáil ráithiúil agus bhliantúil ar sheachadadh feidhmíochta ar fáil don RI de réir an chomhaontaithe um sheachadadh feidhmíochta.

D'aontaigh DoT leis an gCoimisiún go bhfuil sé díolmhaithe ón gceanglas aonad iniúchta inmheánaigh agus coiste iniúchta agus riosca a bhunú. Tá an díolúine ann mar gheall ar mhéid beag an CRI agus toisc nach bhfuil Bord Stiúrthóirí ann, as a dtiocfadh ballraíocht ar Aonad agus Coiste dá leithéid.

## An Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Iarnróid

Cheap an tAire comhaltaí den Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Iarnróid (RSAC) in 2022 i gcomhréir le Cuid 8 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 ar feadh tréimhse 3 bliana. In 2024, tháinig an Chomhairle le chéile uair amháin chun a n-oibleagáidí faoi Chuid 8 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 a chomhlíonadh.

Lean an CRI de chúnamh a thabhairt d'fheidhmiú na Comhairle trí áiseanna a sholáthar, lena n-áirítear ardán fíorúil cruinnithe a sholáthar chun cruinnithe agus tacaíocht riaracháin a éascú.

Ní dhearna an Chomhairle aon mholtaí don CRI in 2024.

## Tuarascáil faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú 2022)

Faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 (arna leasú in 2022) ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí tuarascáil a fhoilsiú ar líon na nochtadh cosanta a rinneadh don chomhlacht poiblí sa bhliain roimhe sin agus ar an ngníomh a rinneadh (más ann) mar fhreagra ar an nochtadh cosanta. In 2024, fuair an Ceannaire um Rialachas Corparáideach agus Rialála sa CRI, mar an duine forordaithe, dhá nochtadh cosanta ó pháirtithe lasmuigh den Choimisiún, ar caitheadh leo mar Nochtadh Cosanta féideartha faoin Acht. Thug baill foirne ábhartha an CRI faoi imscrúduithe cuí ar na hábhair a bhí i gceist.

Sa dá chás, chinn an CRI nach raibh na tuarascálacha a rinneadh cáilithe mar nochtadh cosanta de réir bhrí an Achta.

Ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta inmheánach. Tá a dtuarascáil bhliantúil ar nochtadh cosanta curtha faoi bhráid an DoT don bhliain 2024 ag an CRI.

Tá idir bhealaí agus nósanna imeachta tuairiscithe inmheánacha agus bealaí tuairiscithe seachtracha agus nósanna imeachta maidir le nochtadh cosanta i bhfeidhm ag an CRI.

## Cosaint sonraí

I rith 2024, lean an CRI ag coinneáil suas chun dáta a bheartais, a chórais agus a nósanna imeachta, chun comhlíonadh cheanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí a chinntiú. In 2024, ní bhfuair an CRI aon iarrataí ar chosaint sonraí.

Tá seoladh ríomhphoist tiomnaithe (DPO@crr.ie) i bhfeidhm chun fiosrúcháin um chosaint sonraí a éascú.

## Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

Tá an CRI tiomanta do chinntiú go bhfuil cultúr measa ar Chearta an Duine agus Comhionannas (HRE) i measc ár bhfoirne agus ar na daoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh agus admhaíonn sé a dhualgas san earnáil phoiblí faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

In 2022, bunaíodh grúpa oibre laistigh den CRI chun ár nDualgas um Chomhionannas san Earnáil Phoiblí agus um Chearta an Duine a phleanáil agus a chur i bhfeidhm tríd an bpróiseas trí chéim Measúnaithe, Seoladh agus Tuairisciú.

Seo a leanas achoimre ar na Gníomhaíochtaí a aithníodh agus a stádas.

| | | |
|---|---|---|
| Eartais agus nósanna imeachta | Athbhreithniú ar Bheartas Soláthair | Críochnaithe |
| | Athbhreithniú ar an mBeartas Frithbhulaíochta agus Gnéaschiaptha | Críochnaithe |
| | Nós imeachta maidir le doiciméid CRI a dhréachtú chun treoir ar Dhualgas na hEarnála Poiblí a áireamh | Críochnaithe |
| | Beartas le dréachtú chun tinneas nó míchumas na foirne laistigh dá róil a éascú | Leanúnach |
| Cumas bainistíochta agus foirne | Cúrsa ar Dhualgas na hEarnála Poiblí le críochnú ag gach ball foirne | Críochnaithe |
| | Oiliúint Feasachta Laofachta | Pleanáilte |
| | Plé Tras-Foirne | Leanúnach |
| | Ag foghlaim ó agallaimh fágála | Le tionscnamh |

In 2024, lean an Coimisiún ar aghaidh ag gníomhú ar mholtaí an ghrúpa oibre CRI inmheánach agus ag cur ár nDualgas um Chomhionannas san Earnáil Phoiblí agus um Chearta an Duine i bhfeidhm tríd an bpróiseas trí chéim de mheasúnú, aghaidh a thabhairt agus tuairisciú.

Leanfar ag tabhairt aghaidh ar chearta an duine agus ar chomhionannas faoi athbhreithniú ráithiúil leis an bhfoireann ar fad.

## Inrochtaineacht

Ní mór do chomhlachtaí na hearnála poiblí in Éirinn a chinntiú go bhfuil a suíomhanna gréasáin agus a bhfeidhmchláir mhóibíleacha inrochtana do chách, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Tháinig Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomh gréasáin agus Feidhmchláir Soghluaiste Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí) 2020 i bhfeidhm in 2020.

D'úsáid an CRI Athbhreithniú Simplithe an NDA don bhliain 2024 chun a shuíomh gréasáin a mheasúnú. Níl aon fheidhmchlár soghluaiste ag an CRI. Tá foilseacháin nua deartha le bheith inrochtana. Tugtar faoi deara go mbaineann an chuid is mó de na saincheisteanna a bhfuil béim orthu san athbhreithniú le doiciméid níos sine ar an suíomh agus tá siad á n-athsholáthar le linn athbhreithniú agus nuashonrú doiciméad.

Rinne an CRI athbhreithniú ar a ráiteas inrochtaineachta ar a shuíomh gréasáin in 2024.

## Íocaíochtaí pras

Tá sé mar bheartas ag an CRI a chinntiú go ndéantar gach íocaíocht go pras. Tá gach iarracht á déanamh, ag teacht le nósanna imeachta airgeadais cearta, lena chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den fhráma ama riachtanach, de réir an chleachtais is fearr. Foilsíonn an CRI tuarascálacha ráithiúla ar chomhlíonadh ar a shuíomh gréasáin agus uaslódáiltear iad le haghaidh 2024 a thaispeánann 100% den íocaíocht déanta laistigh den spriocdháta 15 lá.

## Rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol

Tugann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 (IR Uimh. 133 de 2007) cearta dlíthiúla dóibh siúd a lorgaíonn rochtain ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí. Ní bhfuair an CRI aon iarratais faoin reachtaíocht um Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol in 2024.

## Tuarascáil ar Shainordú Gníomhaíochta Aeráide 2024 an CRI

D'fhaomh an Rialtas an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2024 (CAP24) i mBealtaine 2024. Is é an tríú nuashonrú bliantúil é ar Phlean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann 2019 (CAP19). Ar cheann de na príomhtháscairí feidhmíochta atá i bhfeidhm ó 2025-2030 tá an t-athbhreithniú ar Shainordú um Ghníomhaíocht Aeráide na hEarnála Poiblí gach bliain agus nuashonrú ar Threochláir Ghníomhaíochta Aeráide i gcomhréir leis an sainordú nuashonraithe.

Coinníonn an sainordú nuashonraithe na ceanglais le haghaidh gníomhaíochta agus tuairiscithe a bhaineann lenár Spriocanna, Daoine, Bealaí Oibre, agus Foirgneamh agus feithiclí. Tá an cur chuige ina leith seo sonraithe i Treochlár Gníomhaíochta Aeráide 2024 an CRI, atá foilsithe ar ár suíomh gréasáin (Treochlár Gníomhaíochta Aeráide). Ullmhaíodh an Treochlár ag baint úsáide as an teimpléad do chomhlacht poiblí beag faoi threoir an SEAI.

Déanaimid ár ndícheall ár bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú go leanúnach, agus trí é sin a dhéanamh cosc a chur ar thruailliú agus feasacht comhshaoil a spreagadh. Mar thionónta amháin i bhfoirgneamh iláitíochta, a bhfuil athbhreithniú agus uasghrádú forleathan á dhéanamh air faoi láthair, bhíomar i dteagmháil leis an tiarna talún in 2024 agus é mar aidhm againn na roghanna chun ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh méadaithe a chinneadh.

I dTuarascáil Bhliantúil Earnáil Phoiblí 2023 an SEAI, an ceann is déanaí ar taifead agus é seo á scríobh, tá athrú dearfach 77% á léiriú ag Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh CRI ina tháscaire feidhmíochta fuinnimh, agus ar an mbonn sin tá a sprioc 2030 bainte amach aige. Maidir le gáis cheaptha teasa tá sé ina dhúshlán i gcónaí astaíochtaí iontaise $CO2$ a laghdú mar gur tionónta sinn i bhfoirgneamh ina bhfuil an córas téimh bunaithe ar ghás. Maidir lenár n-astaíochtaí $CO2$ iomlána, tá laghdú 33% bainte amach againn thar ár mbunlíne i gcoinne na sprice de 51% a theastaíonn faoi 2030.

Tá Struchtúr Rialachais curtha i bhfeidhm ag an CRI chun tacú lena ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear Ceapadh Curaidh Aeráide agus Inbhuanaitheachta, Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus Foireann Glas. Is míreanna seasta ráithiúla iad an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Laghdaigh Do Úsáid – Feasacht Fuinnimh ar chlár oibre na gcruinnithe foirne míosúla.

Chomhlíon an CRI Ciorclán 01/2020 trí na hastaíochtaí carbóin a bhaineann le taisteal oifigiúil aeir a thaifeadadh, luacháladh iad seo bunaithe ar Cháin Charbóin intíre agus d'íoc sé an méid (€279) isteach sa Chiste um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide.

# TUARASCÁIL AR RIALÁIL IARNRÓID



# Rialachán iarnróid

## Údarás ceadúnúcháin gnóthais iarnróid

Is é an CRI an tÚdarás Ceadúnúcháin atá freagrach as iarratais ar cheadúnas a mheasúnú agus a dheonú do ghnóthas iarnróid sa Stát. Ní féidir le gnóthas iarnróid seirbhís iarnróid a oibriú gan cheadúnas. Chun an measúnú a dhéanamh, ní mór don ghnóthas iarnróid a dhéanann iarratas ar cheadúnas a thaispeáint don Údarás Ceadúnúcháin, roimh thús a ghníomhaíochtaí, go mbeidh sé in ann tráth ar bith na ceanglais a bhaineann le dea-cháil, le hoiriúnacht airgeadais, le hinniúlacht ghairmiúil agus le clúdach dá dhliteanas sibhialta a chomhlíonadh. Ní thugann an ceadúnas ann féin teideal don ghnóthas iarnróid rochtain ar an mbonneagar iarnróid.

Bíonn ceadúnais bailí ar feadh 5 bliana agus foilsítear clár de cheadúnais eisithe ar shuíomh gréasáin CRI.

Chuaigh ceadúnas amháin in éag in 2024, fuarthas iarratas nua ar cheadúnas, rinneadh measúnú air agus eisíodh ceadúnas nua i mí Dheireadh Fómhair 2024.

## Comhlacht neamhspleách monatóireachta

Is iad feidhmeanna an CRI mar Chomhlacht Neamhspleách Monatóireachta monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht IÉ-IM i leith a chuid oibleagáidí faoin IMMAC, eadráin a dhéanamh i gcás ina n-eascraíonn díospóid idir na páirtithe maidir leis na ceanglais maidir le comhlíonadh an chonartha, an córas monatóireachta feidhmíochta arna fhorbairt ag IÉ-IM a fhormheas agus an tAire a chur ar an eolas faoi aon threochtaí teipe leanúnacha de chuid IÉ-IM a chomhlíonadh.

Ar an 1 Márta 2024, d'eisigh an CRI a Thuarascáil Bhliantúil IMMAC chuig an Aire don bhliain 2023.

Áiríodh iad seo a leanas i bpríomhthorthaí na tuarascála:

Ar an iomlán, ní raibh aon éagsúlachtaí suntasacha ann don bhliain, ach bhí an toradh beagán níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, +0.8%, i gcomparáid leis an réamhaisnéis athbhreithnithe do 2023. Bhí caiteachais níos airde sna Ranna CCE agus SET cothromaithe den chuid is mó ag tearc-chaiteachas sna Ranna IMO agus Córais faoi seach.

- Roinn CCE – 1.7% de chaiteachas breise
- Roinn SET – 1.3% de chaiteachas breise
- Roinn IMO – 3.9% de thearc-chaiteachas
- Doimhneacht na gCóras (SMS & Sócmhainní) – 4.4% de thear-chaiteachas.

Maoiniú Forlíontach ón Roinn Iompair – In 2023 fuair IÉ-IM Maoiniú Forlíontach de €30.6m a díríodh chuig Líne Lastais Fhainge agus TPS (agus €4.1m de seo tugtha anonn go 2024).

Bhí an CRI i dteagmháil go forleathan leis an Roinn Iompair ina n-athbhreithniú ar chonradh IMMAC 2020-2024.

# Comhlacht rialála

## Tástáil cothromaíochta eacnamaíochta

Tar éis malartú tuairimí maidir leis an tástáil um Chothromaíocht Eacnamaíoch (EET) ag an Líonra Eorpach na gComhlachtaí Rialaithe Iarnróid (ENRRB), rinne an CRI athbhreithniú ar cheanglais na mBallstát de réir IR398 2020, a thugann éifeacht do Threoir 2012/34/AE, 2016/2370 agus Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/1795 ón gCoimisiún.

Faoi IR398 2020, baineann ceann d'fheidhmeanna an CRI le cinneadh an bhfuil an chothromaíocht eacnamaíoch i gConradh Seirbhíse Poiblí (PSC) i gcontúirt trí fheidhmiú ceart rochtana ar bhonneagar iarnróid ag Gnóthas Iarnróid (RU) a bheartaíonn seirbhís nua paisinéirí iarnróid a oibriú. Ciallaíonn seirbhís iarnróid nua do phaisinéirí, mar a shainítear in Airt. 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/1795, seirbhís iarnróid do phaisinéirí atá deartha chun a oibriú mar sheirbhís tráthchláraithe rialta, atá iomlán nua, nó a thugann le tuiscint modhnú substaintiúil ar sheirbhís iarnróid do phaisinéirí atá ann cheana, go háirithe i dtéarmaí minicíochtaí méadaithe seirbhísí nó líon méadaithe stadanna, agus nach soláthraítear faoi CPS.

Foráiltear le hAirteagal 33 de SI398 2020 go bhféadfaidh CRI, mar chomhlacht rialála, a chinneadh gur gá teorainn a chur leis an gceart rochtana ar sheirbhísí nua iarnróid do phaisinéirí nuair a chumhdaíonn CRI amháin nó níos mó an bealach céanna, nó bealach eile, dá gcuirfeadh feidhmiú an chirt seo isteach ar chothromaíocht eacnamaíoch CPS. Beidh an cinneadh seo bunaithe ar Thástáil Cothromaíochta Eacnamaíoch (EET), anailís eacnamaíoch oibiachtúil le critéir réamhchinnte.

D'fhorbair an CRI an Treoir maidir leis an bPróiseas Tástála Cothromaíochta doiciméad CRR-G-057 agus na foirmeacha maidir leis an bhfógra le haghaidh seirbhís iarnróid nua do phaisinéirí, agus an fhoirm iarratais ar EET atá curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin CRI ag www.crr.ie

## Achomhairc agus gearáin

Ní bhfuair an CRI aon achomharc nó gearán mar Chomhlacht Rialála in 2024.

# FORBAIRTÍ SA CHREAT REACHTAÍOCHTA NÁISIÚNTA AGUS EORPACH



## Creat reachtaíochta náisiúnta iarnróid

Seo a leanas na forbairtí sa chreat reachtach náisiúnta in 2024.

IR Uimh. 237 2024 – An tOrdú Tobhaigh faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 (Alt 26)
Chuir sé sin an tobhach bliantúil ar na heagraíochtaí iarnróid sa Stát do 2024, a mhaoinigh gníomhaíochtaí CRI a bhaineann lena bhfeidhmeanna de réir Alt 26 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005.

IR 559 2024 Rialacháin an AE (Athléimneacht Eintitis Chriticiúil)
A thrasuíonn an Treoir seo agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2024. Le haghaidh tuilleadh sonraí féach faoin gCreat Reachtaíochta Eorpach Iarnróid thíos.

Maidir le forbairt leanúnach na reachtaíochta, tá feidhm ag an CRI faoi Alt 72 de RSA 2005 chun reachtaíocht a choinneáil faoi athbhreithniú. Sa chomhthéacs seo lean an CRI lena rannpháirtíocht leis an DoT in 2024, nuair agus mar a iarradh, ar leasuithe molta ar RSA 2005.

## Creat Eorpach um reachtaíocht iarnróid

